2025/1190

18.6.2025

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/1190 ÓN gCOIMISIÚN

**an 13 Feabhra 2025**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na critéir a úsáidtear chun eintitis airgeadais a shainaithint a gceanglaítear orthu tástáil treáite bunaithe ar bhagairtí a dhéanamh, na ceanglais agus na caighdeáin lena rialaítear úsáid tástálaithe inmheánacha, na ceanglais i ndáil leis an raon feidhme, leis an modheolaíocht tástála agus leis an gcur chuige le haghaidh gach céime de na céimeanna tástála, torthaí, clabhsúir agus feabhsúcháin agus an cineál comhair maoirseachta agus comhair ábhartha eile is gá chun TLPT a chur chun feidhme agus chun aitheantas frithpháirteach a éascú**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011 ([1]), agus go háirithe Airteagal 26(11), an ceathrú mír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Dréachtaíodh an Rialachán seo i gcomhréir le creat TIBER-EU agus tá sé ar aon dul le modheolaíocht, próiseas agus struchtúr na tástála treáite bunaithe ar bhagairtí (TLPT) mar a thuairiscítear in TIBER-EU. Féadfaidh eintitis airgeadais atá faoi réir TLPT tagairt a dhéanamh do chreat TIBER-EU, nó do cheann dá chur chun feidhme náisiúnta, agus é a chur i bhfeidhm, a mhéid atá an creat nó an cur chun feidhme sin comhsheasmhach leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 26 agus 27 de Rialachán (AE) 2022/2554 agus sa Rialachán seo. Maidir le hainmniú údaráis phoiblí aonair san earnáil airgeadais atá freagrach as ábhair a bhaineann le TLPT ar an leibhéal náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 26(9) de Rialachán (AE) 2022/2554, ba cheart an t-ainmniú sin a bheith gan dochar d'inniúlacht údarás inniúil arna cur ar iontaoibh ar leibhéal an Aontais maoirseacht a dhéanamh ar eintitis airgeadais áirithe i gcomhréir le hAirteagal 46 den Rialachán sin amhail, mar shampla, an Banc Ceannais Eorpach le haghaidh institiúidí creidmheasa móra a mheasfar a bheith inniúil ar ábhair a bhaineann le TLPT. I gcás nach ndéantar ach cuid de na cúraimí a bhaineann le TLPTanna a tharmligean chuig údarás náisiúnta eile san earnáil airgeadais de bhun Airteagal 26(10) de Rialachán (AE) 2022/2554, ba cheart d'údarás inniúil an eintitis airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 46 den Rialachán sin leanúint de bheith ina údarás le haghaidh na gcúraimí a bhaineann le TLPT nár tarmligeadh.

(2) I bhfianaise chastacht TLPT agus na rioscaí a bhaineann leis, ba cheart a úsáid a theorannú do na heintitis airgeadais sin a bhfuil údar leis ina leith. Dá bhrí sin, ba cheart do na húdaráis atá freagrach as cúrsaí TLPT (údaráis TLPT, ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta) na heintitis airgeadais sin a oibríonn i bhfo-earnálacha croísheirbhísí airgeadais nach bhfuil údar le TLPT ina leith a eisiamh ó raon feidhme TLPT. Ciallaíonn sé sin go bhféadfaí institiúidí creidmheasa, institiúidí íocaíochta agus ríomh-airgid, taisclanna lárnacha slándála, contrapháirtithe lárnacha, ionaid trádála, gnóthais árachais agus athárachais, cé go gcomhlíonann siad na critéir chainníochtúla, a scaoileadh ó cheanglas TLPT i bhfianaise measúnú foriomlán ar a bpróifíl riosca TFC agus ar a n-aibíocht, ar a dtionchar ar an earnáil airgeadais, agus ar na hábhair imní ghaolmhara maidir le cobhsaíocht airgeadais.

(3) Ba cheart d'údaráis TLPT measúnú a dhéanamh, i bhfianaise measúnú foriomlán ar an bpróifíl riosca TFC agus ar an aibíocht, ar an tionchar ar an earnáil airgeadais, agus ar ábhair imní ghaolmhara maidir le cobhsaíocht airgeadais, ar cheart d'aon chineál eintitis airgeadais seachas institiúidí creidmheasa, institiúidí íocaíochta, institiúidí ríomh-airgid, contrapháirtithe lárnacha, taisclanna lárnacha urrús, ionaid trádála, gnóthais árachais agus athárachais a bheith faoi réir TLPT. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an measúnú ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann eintitis airgeadais den sórt sin na critéir cháilíochtúla sin eintitis airgeadais a shainaithint a bhfuil TLPT iomchuí ina leith trí thráscairí trasearnála agus oibiachtúla a úsáid. An tráth céanna, leis an measúnú ar cé acu a chomhlíonann nó nach

([1]) IO L 333, 27.12.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2554/oj.

gcomhlíonann eintiteas airgeadais na critéir cháilíochtúla sin, ba cheart na heintitis atá faoi réir TLPT a theorannú dóibh siúd a bhfuil údar leis an tástáil ina leith. Ba cheart measúnú a dhéanamh freisin ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann eintiteas airgeadais na critéir cháilíochtúla sin i bhfianaise forbairt margaí nua agus thábhacht mhéadaitheach rannpháirtithe nua sa mhargadh don earnáil airgeadais amach anseo, lena n-áirítear soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 59 de Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

(4) D'fhéadfadh an soláthraí seirbhíse TFC inghrúpa céanna a bheith ag eintitis airgeadais nó d'fhéadfaidís a bheith sa ghrúpa céanna agus a bheith ag brath ar chórais TFC chomhroinnte a úsáid. Sa chás sin, tá sé tábhachtach go gcuirfeadh údaráis TLPT struchtúr agus cineál sistéamach nó tábhacht d'earnáil airgeadais an eintitis airgeadais sin san áireamh ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais agus measúnú á dhéanamh acu ar cheart d'eintiteas airgeadais a bheith faoi réir TLPT agus ar cheart TLPT a dhéanamh ar leibhéal an eintitis nó ar leibhéal an ghrúpa (trí TLPT comhpháirteach).

(5) Chun bheith ar aon dul leis an gcreat TIBER-EU, is gá foráil a dhéanamh sa mhodheolaíocht tástála maidir le rannpháirtíocht na bpríomh-rannpháirtithe seo a leanas: an t-eintiteas airgeadais, le foireann rialaithe (ar aon dul le 'foireann rialaithe' TIBER-EU) agus foireann ghorm (ar aon dul le 'foireann ghorm' TIBER-EU), agus údarás TLPT, i bhfoirm cibearfhoireann TLPT (ar aon dul le 'cibearfhoirne TIBER-EU'), soláthraí faisnéise bagartha, agus tástálaithe (trína bhfuil na tástálaithe ar aon dul le 'soláthraí fhoireann dhearg' TIBER-EU).

(6) Chun a áirithiú go dtairbheoidh TLPT den taithí a forbraíodh faoi chuimsiú chur chun feidhme TIBER-EU agus chun na rioscaí a bhaineann le feidhmíocht TLPT a laghdú, ba cheart a áirithiú go mbeidh freagrachtaí chibearfhoirne TLPT atá le bunú ar leibhéal údaráis TLPT chomh gar agus is féidir do fhreagrachtaí chibearfhoirne TIBER-EU. Dá bhrí sin, ba cheart bainisteoirí tástála a bheith ag cibearfhoirne TLPT atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar TLPTanna aonair agus as tástálacha aonair a phleanáil agus a chomhordú. Ba cheart do chibearfhoirne TLPT feidhmiú mar phointe teagmhála aonair le haghaidh cumarsáid a bhaineann le tástálacha le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, chun aiseolas agus ceachtanna a foghlaimíodh ó thástálacha a rinneadh roimhe seo a bhailiú agus a phróiseáil, agus chun tacú le heintitis airgeadais a bhfuil tástáil TLPT á déanamh orthu.

(7) Chun bheith ar aon dul le modheolaíocht chreat TIBER-EU, ba cheart na scileanna agus na cumais is gá a bheith ag bainisteoirí tástála chun comhairle a sholáthar agus chun dúshlán a thabhairt do thograí tástálaithe. Cruthaíodh le taithí faoi chreat TIBER-EU go bhfuil sé luachmhar foireann de bheirt bhainisteoirí tástála ar a laghad a shannadh do gach tástáil. Chun a léiriú go n-úsáidtear TLPT chun an t-eispéireas foghlama a spreagadh, chun rúndacht na dtástálacha a choimirciú, agus mura bhfuil saincheisteanna acmhainní nó saineolais acu, moltar go láidir d'údaráis TLPT a mheas nár cheart do bhainisteoirí tástála, ar feadh fhad TLPT, gníomhaíochtaí maoirseachta a dhéanamh ar an eintiteas airgeadais céanna a bhfuil TLPT á dhéanamh air.

(8) Tá sé tábhachtach, ar mhaithe le comhsheasmhacht le creat TIBER-EU, go leanfaidh údarás TLPT an tástáil go dlúth i ngach ceann dá chéimeanna. I bhfianaise chineál na tástála agus na rioscaí a bhaineann léi, tá sé bunúsach go mbeidh baint ag údarás TLPT le gach céim shonrach den tástáil. Go háirithe, ba cheart dul i gcomhairle le húdarás TLPT agus ba cheart dó na measúnuithe nó na cinntí sin de chuid na n-eintiteas airgeadais a bhailíochtú a d'fhéadfadh, ar thaobh amháin, tionchar a imirt ar éifeachtacht na tástála agus, ar an taobh eile, tionchar a imirt ar na rioscaí a bhaineann leis an tástáil. Áirítear ar na céimeanna bunúsacha ar a bhfuil gá le rannpháirtíocht shonrach údarás TLPT bailíochtú doiciméadachta bunúsaí áirithe den tástáil, agus roghnú soláthraithe agus tástálaithe faisnéise bagartha agus bearta bainistíochta riosca. Níor cheart ualach iomarcach ar na húdaráis sin a bheith mar thoradh ar rannpháirtíocht údaráis TLPT, agus go háirithe i gcás bailíochtú, agus ba cheart, dá bhrí sin, í a theorannú do na doiciméid agus na cinntí sin a dhéanann difear díreach do dhéanamh TLPT. Tríd an rannpháirtíocht ghníomhach i ngach céim den tástáil, féadfaidh údaráis TLPT measúnú éifeachtach a dhéanamh ar chomhlíontacht na n-eintiteas airgeadais leis na ceanglais ábhartha, rud ba cheart a cheadú do na húdaráis sin fianuithe a eisiúint de bhun Airteagal 26(7) de Rialachán (AE) 2022/2554.

([2]) Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1114/oj).

(9) Tá rúndacht TLPT ríthábhachtach chun a áirithiú go bhfuil dálaí na tástála réalaíoch. Ar an gcúis sin, ba cheart tástáil a dhéanamh faoi cheilt, agus ba cheart réamhchúraimí a ghlacadh chun TLPT a choimeád faoi rún, lena n-áirítear rogha na gcódainmneacha ba cheart a cheapadh chun cosc a chur ar thríú páirtithe TLPT a shainaithint. Dá mbeadh na baill foirne atá freagrach as slándáil na foirne airgeadais ar an eolas faoi TLPT atá beartaithe nó atá ar siúl faoi láthair, is dócha go mbeidís níos géarchúisí agus níos airdeallaí ná mar a bheidís le linn gnáthdhálaí oibre, rud a d'fhágfadh go mbeadh toradh athraithe ar an tástáil. Dá bhrí sin, níor cheart baill foirne an eintitis airgeadais lasmuigh den fhoireann rialaithe a chur ar an eolas faoi aon TLPT atá beartaithe nó atá ar siúl faoi láthair ach amháin i gcás ina bhfuil cúiseanna áititheacha ann agus faoi réir chomhaontú roimh ré na mbainisteoirí tástála, *inter alia* chun rúndacht na tástála a áirithiú i gcás ina mbraithfidh comhaltaí den fhoireann ghorm an tástáil.

(10) Mar a léirítear tríd an taithí a bailíodh i gcreat TIBER-EU i ndáil leis an 'bhfoireann rialaithe', tá roghnú ceannasaí foirne rialaithe leordhóthanach fíor-riachtanach chun TLPT a dhéanamh go sábháilte. Ba cheart an sainordú is gá a bheith ag ceannasaí na foirne rialaithe laistigh den eintiteas airgeadais chun gnéithe uile na tástála a threorú, gan a rúndacht a chur i mbaol. Ar an gcúis chéanna, ba cheart eolas domhain a bheith ag comhaltaí na foirne rialaithe ar an eintiteas airgeadais, ar ról poist agus suíomh straitéiseach cheannasaí na foirne rialaithe, ba cheart an tsinsearacht is gá a bheith acu agus ba cheart rochtain a bheith acu ar an mbord bainistíochta. Chun an riosca go gcuirfí TLPT i mbaol a laghdú, ba cheart an fhoireann rialaithe a bheith chomh beag agus is féidir.

(11) Tá gnéithe bunúsacha de rioscaí a bhaineann le TLPT ann de réir mar a dhéantar feidhmeanna criticiúla a thástáil i dtimpeallacht táirgthe bheo, agus an fhéidearthacht ann go mbeadh sé ina chúis le teagmhais diúltaithe seirbhíse, tuairteanna córais gan choinne, damáistí do chórais táirgthe bheo chriticiúla, nó caillteanas, mionathrú nó nochtadh sonraí. Cuireann na rioscaí sin an gá atá le bearta láidre bainistíochta riosca i dtábhacht. Chun a áirithiú go ndéanfar TLPT ar bhealach rialaithe ar feadh na tástála, tá sé an-tábhachtach go mbeadh eintitis airgeadais ar an eolas i gcónaí faoi na rioscaí ar leith a thagann chun cinn in TLPT agus go maolófaí na rioscaí sin. I ndáil leis sin, gan dochar do phróisis inmheánacha an eintitis airgeadais agus don fhreagracht agus do na toscaireachtaí a soláthraíodh cheana féin do cheannasaí na foirne rialaithe, d'fhéadfadh sé gurb iomchuí faisnéis faoi bhearta bainistíochta riosca TLPT, nó, go háirithe i gcásanna áirithe, formheas na mbeart bainistíochta riosca sin ag comhlacht bainistíochta an eintitis airgeadais féin. Chun bheith in ann seirbhísí gairmiúla éifeachtacha arb iad na seirbhísí is cáilithe a sholáthar agus chun na rioscaí sin a laghdú, tá sé fíor-riachtanach freisin go mbeidh an leibhéal is airde scileanna, saineolais agus taithí iomchuí ag na tástálaithe agus ag na soláthraithe faisnéise bagartha (i dteannta a chéile, na soláthraithe TLPT) ar fhaisnéis bhagartha agus ar TLPT i dtionscal na seirbhísí airgeadais.

(12) Soláthraítear le tástálacha treáite traidisiúnta measúnú mionsonraithe agus úsáideach ar leochaileachtaí teicniúla agus cumraíochta go minic i gcóras nó i dtimpeallacht aonair ar leithlis, ach murab ionann agus tástáil foirne deirge bunaithe ar fhaisnéis, ní dhéanann siad measúnú ar an gcás iomlán d'ionsaí spriocdhírithe in aghaidh eintiteas iomlán, lena n-áirítear raon feidhme iomlán a chuid daoine, próiseas agus teicneolaíochtaí. Le linn phróiseas roghnúcháin sholáthraithe TLPT, ba cheart d'eintitis airgeadais a áirithiú, dá bhrí sin, go bhfuil na scileanna riachtanacha ag na soláthraithe sin chun tástálacha foirne deirge bunaithe ar fhaisnéis a dhéanamh, agus ní hamháin tástálacha treáite. Is gá, dá bhrí sin, critéir chuimsitheacha a leagan síos do thástálaithe, idir thástálaithe inmheánacha agus tástálaithe seachtracha, agus do sholáthraithe faisnéise bagartha a bhíonn seachtrach i gcónaí. I gcás ina mbaineann na soláthraithe TLPT leis an gcuideachta chéanna, ba cheart an fhoireann atá sannta do TLPT a dheighilt go leordhóthanach.

(13) D'fhéadfadh imthosca eisceachtúla a bheith ann nuair nach bhfuil eintitis airgeadais in ann conradh a dhéanamh le soláthraithe TLPT a chomhlíonann na critéir chuimsitheacha. Dá bhrí sin, ba cheart cead a bheith ag eintitis airgeadais, ar fhianaise a thabhairt nach bhfuil soláthraithe faisnéise bagartha den sórt sin ar fáil, daoine nach gcomhlíonann na critéir chuimsitheacha uile a ghlacadh, ar choinníoll go maolaíonn siad go cuí aon riosca breise a eascraíonn as sin agus go ndéanann údarás TLPT measúnú ar na critéir sin uile.

(14) I gcás ina bhfuil roinnt eintitis airgeadais agus roinnt údaráis TLPT rannpháirteach in TLPT, ba cheart róil na bpáirtithe uile i bpróiseas TLPT a shonrú chun an tástáil is éifeachtúla agus is sábháilte a dhéanamh. Chun críocha na tástála comhthiomsaithe, tá gá le ceanglais shonracha chun ról an eintitis airgeadais ainmnithe a shonrú, is é sin gur cheart dó a bheith i gceannas ar an doiciméadacht uile is gá a sholáthar don phríomhúdarás TLPT agus ar fhaireachán a dhéanamh ar an bpróiseas tástála. Ba cheart don eintiteas airgeadais ainmnithe a bheith i gceannas freisin ar ghnéithe coiteanna an mheasúnaithe ar bhainistiú riosca. D'ainneoin ról an eintitis airgeadais ainmnithe, níor cheart difear a dhéanamh d'oibleagáidí gach eintitis airgeadais atá rannpháirteach sa phróiseas TLPT comhthiomsaithe le linn na tástála comhthiomsaithe. Ba cheart feidhm a bheith ag an bprionsabal céanna maidir le TLPTanna comhpháirteacha.

(15) Mar is léir ón taithí a fuarthas ar chur chun feidhme chreat TIBER-EU, is é an bealach is éifeachtúla chun a áirithiú go ndéanfar an tástáil go hiomchuí cruinnithe pearsanta nó fíorúla a thionól lena n-áirítear na páirtithe leasmhara uile lena mbaineann (eintitis airgeadais, údaráis, tástálaithe agus soláthraithe faisnéise bagartha). Dá bhrí sin, ba cheart cruinnithe pearsanta agus cruinnithe fíorúla a thionól ag céimeanna éagsúla den phróiseas, agus go háirithe le linn na céime ullmhúcháin ag seoladh TLPT agus chun bailchríoch a chur ar a raon feidhme, le linn na céime tástála, chun bailchríoch a chur ar an tuarascáil maidir le faisnéis bhagartha agus ar phlean tástála na foirne deirge agus le haghaidh na nuashonruithe seachtainiúla, agus le linn chéim an chlabhsúir le haghaidh tástálaithe aithrise agus ghníomhaíochtaí na foirne goirme, modh na foirne corcra agus aiseolas ar TLPT a mhalartú.

(16) Chun feidhmíocht rianúil TLPT a áirithiú, ba cheart d'údarás TLPT a ionchais maidir leis an tástáil a chur faoi bhráid an eintitis airgeadais go soiléir. I ndáil leis sin, ba cheart do na bainisteoirí tástála a áirithiú go mbunófar sreabhadh iomchuí faisnéise leis an bhfoireann rialaithe laistigh den eintiteas airgeadais, agus le soláthraithe TLPT.

(17) Ba cheart don eintiteas airgeadais na feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha a bheidh faoi raon feidhme TLPT a roghnú. Agus na feidhmeanna sin á roghnú aige, ba cheart don eintiteas airgeadais é féin a bhunú ar chritéir éagsúla a bhaineann le tábhacht gach feidhme don eintiteas airgeadais féin agus don earnáil airgeadais, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, ní hamháin i dtéarmaí eacnamaíocha ach i bhfianaise stádas siombalach nó polaitiúil na feidhme freisin. Chun aistriú rianúil chuig céim an bhailithe faisnéise bagartha a éascú, ba cheart don fhoireann rialaithe faisnéis mhionsonraithe maidir leis an raon feidhme a comhaontaíodh a sholáthar do na tástálaithe agus don soláthraí faisnéise bagartha nach bhfuil baint acu leis an bpróiseas raoin feidhme.

(18) Chun an fhaisnéis is gá a sholáthar do na tástálaithe chun ionsaí fíorshaoil réalaíoch a ionsamhlú ar chórais bheo an eintitis airgeadais atá mar bhonn taca faoina fheidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha, ba cheart don soláthraí faisnéise bagartha faisnéis a bhailiú lena gcumhdaítear dhá phríomhréimse spéise ar a laghad: na spriocanna, trí raonta inionsaithe a d'fhéadfadh a bheith ann ar fud an eintitis airgeadais a shainaithint, agus na bagairtí, trí ghníomhaithe bagartha ábhartha agus cásanna bagartha dóchúla a shainaithint. Chun a áirithiú go gcuirfidh an soláthraí faisnéise bagartha na bagairtí ábhartha don eintiteas airgeadais san áireamh, ba cheart do na tástálaithe, don fhoireann rialaithe, agus do na bainisteoirí tástála aiseolas a sholáthar faoin dréacht-tuarascáil maidir le faisnéis bhagartha. Má tá sé ar fáil, féadfaidh an soláthraí faisnéise bagartha úsáid a bhaint as timpeallacht chineálach na bagartha arna soláthar ag údarás TLPT d'earnáil airgeadais Ballstáit mar bhonnlíne do thimpeallacht náisiúnta na bagartha. Bunaithe ar fheidhmchlár chreat TIBER-EU, maireann an próiseas bailithe faisnéise bagartha thart ar 4 seachtaine de ghnáth.

(19) Chun é a chur ar a gcumas do na tástálaithe léargas a fháil agus athbhreithniú breise a dhéanamh ar dhoiciméad na sonraíochta raoin feidhme agus ar an tuarascáil faisnéise bagartha spriocdhírithe chun plean tástála na foirne deirge a thabhairt chun críche, tá sé fíor-riachtanach, roimh chéim thástála fhoireann dhearg TLPT, go bhfaighidh na tástálaithe mínithe mionsonraithe ón soláthraí faisnéise bagartha maidir leis an tuarascáil faisnéise bagartha spriocdhírithe agus maidir leis an anailís ar chásanna bagartha a d'fhéadfadh a bheith ann.

(20) Chun é a chur ar a gcumas do na tástálaithe tástáil réalaíoch agus chuimsitheach a dhéanamh ina bhforghníomhaítear gach céim ionsaithe agus ina mbaintear bratacha amach, ba cheart am leordhóthanach a leithdháileadh ar chéim thástála na foirne deirge gníomhaí. Ar bhonn na taithí a bailíodh le creat TIBER-EU, ba cheart 12 sheachtain ar a laghad a bheith san am a leithdháilfear agus ba cheart é a chinneadh agus an líon páirtithe lena mbaineann, raon feidhme TLPT, acmhainní an eintitis airgeadais nó na n-eintiteas airgeadais lena mbaineann, aon cheanglas seachtrach, agus infhaighteacht na faisnéise tacaíochta arna soláthar ag an eintiteas airgeadais á gcur san áireamh.

(21) Le linn chéim thástála na foirne deirge gníomhaí, ba cheart do na tástálaithe raon beartaíochta, teicnící agus nósanna imeachta (TTPanna) a úsáid chun tástáil leordhóthanach a dhéanamh ar chórais táirgthe bheo an eintitis airgeadais. Ba cheart an méid a leanas a bheith sna TTPanna, de réir mar is iomchuí; taiscéalaíocht (i.e. an oiread faisnéise agus is féidir a bhailiú maidir le sprioc), armáil (i.e. anailís a dhéanamh ar fhaisnéis maidir leis an mbonneagar, na saoráidí, agus na fostaithe agus ullmhú do na hoibríochtaí a bhaineann go sonrach leis an sprioc), seachadadh (i.e. seoladh gníomhach na hoibríochta iomláine ar an sprioc), dúshaothrú (i.e. i gcás inarb é sprioc na dtástálaithe na freastalaithe, líonraí an eintitis airgeadais a chur i mbaol agus a fhoireann a dhúshaothrú trí innealtóireacht shóisialta), rialú agus gluaiseacht (i.e. iarrachtaí bogadh ó na córais a cuireadh i mbaol go córais leochaileacha nó ardluacha eile), agus gníomhaíochtaí ar sprioc (i.e. rochtain bhreise a fháil ar chórais a cuireadh i mbaol agus rochtain a fháil ar an bhfaisnéis agus na sonraí sprice a comhaontaíodh roimhe seo, mar a comhaontaíodh roimhe seo i bplean tástála na foirne deirge).

(22) Agus TLPT á dhéanamh acu, ba cheart do thástálaithe gníomhú agus an t-am atá ar fáil chun an t-ionsaí a dhéanamh, na hacmhainní agus na teorainneacha eiticiúla agus dlíthiúla a chur san áireamh. Mura mbeidh na tástálaithe in ann dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile den ionsaí atá cláraithe, ba cheart don fhoireann rialaithe cúnamh ócáideach a sholáthar, ar chomhaontú ó údarás TLPT, i bhfoirm 'fóirithintí'. Is féidir fóirithintí a chatagóiriú den chuid is mó i bhfóirithintí faisnéise agus rochtana agus d'fhéadfadh soláthar rochtana ar chórais TFC nó ar líonraí inmheánacha a bheith iontu chun leanúint ar aghaidh leis an tástáil agus díriú ar na céimeanna ionsaithe seo a leanas.

(23) Le linn mhodh gníomhach na foirne deirge sa chéim tástála, más gá chun gur féidir leanúint le TLPT mar rogha dheiridh in imthosca eisceachtúla agus a luaithe a bheidh na roghanna malartacha uile ídithe, ba cheart gníomhaíocht tástála chomhoibríoch a bhfuil baint ag na tástálaithe agus ag an bhfoireann ghorm araon léi a úsáid. I gcomhthéacs chleachtadh teoranta mhodh na foirne corcra den sórt sin, is féidir na modhanna seo a leanas a úsáid: 'gabháil agus scaoileadh', ina ndéanann tástálaithe iarracht leanúint ar aghaidh leis na cásanna, brath a fháil agus ansin an tástáil a atosú, 'cluichíocht chogaidh', lenar féidir cásanna níos casta a bheith ann chun cinnteoireacht straitéiseach a thástáil, nó 'cruthúnas coincheapa comhoibritheach' lena gcuirtear é ar a gcumas do thástálaithe agus do bhaill den fhoireann ghorm bearta, uirlisí nó teicnící slándála sonracha a bhailíochtú go comhpháirteach i dtimpeallacht rialaithe agus chomhoibríoch.

(24) Ba cheart TLPT a úsáid mar eispéireas foghlama chun athléimneacht dhigiteach oibríochtúil na n-eintiteas airgeadais a fheabhsú. I ndáil leis sin, ba cheart don fhoireann ghorm agus do na tástálaithe an t-ionsaí a dhéanamh arís agus athbhreithniú a dhéanamh ar na céimeanna a glacadh chun foghlaim ón taithí tástála i gcomhar leis na tástálaithe. Chun na críche sin agus chun go mbeifear in ann ullmhúchán leordhóthanach a dhéanamh, ba cheart tuarascáil tástála na foirne deirge agus tuarascáil tástála na foirne goirme a chur ar fáil do na páirtithe uile a bhfuil baint acu leis na gníomhaíochtaí aithrise, sula ndéanfar aon ghníomhaíocht aithrise. Ina theannta sin, ba cheart cleachtadh mhodh na foirne corcra a dhéanamh, le linn na céime clabhsúir, chun an taithí foghlama a uasmhéadú. Ba cheart a áireamh ar na modhanna a fhéadfar a úsáid le haghaidh mhodh na foirne corcra sa chéim chlabhsúir plé ar chásanna malartacha ionsaithe, imscrúdú ar chórais bheo a dhéanamh ar chásanna malartacha nó imscrúdú a athdhéanamh ar chásanna pleanáilte ar chórais bheo nárbh fhéidir leis na tástálaithe a chur i gcrích ná a fhorghníomhú le linn na céime tástála.

(25) Chun eispéireas foghlama na bpáirtithe uile a bhfuil baint acu le TLPT a éascú a thuilleadh, ar mhaithe le tástálacha amach anseo, agus chun athléimneacht oibríochtúil dhigiteach na n-eintiteas airgeadais a chur chun cinn, ba cheart do na páirtithe lena mbaineann aiseolas a sholáthar dá chéile maidir leis an bpróiseas foriomlán, agus go háirithe a shainaithint cé hiad na gníomhaíochtaí a ndearnadh dul chun cinn maith ina leith nó a bhféadfaí feabhas a chur orthu, agus cé hiad na gnéithe de phróiseas TLPT a d'oibrigh go maith nó a bhféadfaí feabhas a chur orthu.

(26) Ba cheart do na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 46 de Rialachán (AE) 2022/2554 agus d'údaráis TLPT, i gcás nach ionann iad, comhoibriú chun ardtástáil trí bhíthin TLPT a ionchorprú sna próisis mhaoirseachta atá ann cheana. I ndáil leis sin agus chun an tuiscint cheart a roinnt ar thorthaí TLPT agus ar an gcaoi ar cheart iad a léirmhíniú, is iomchuí, go háirithe i gcás na tuarascála achoimre tástála agus na bpleananna feabhsúcháin, go mbunófaí dlúthchomhar idir bainisteoirí tástála a bhí rannpháirteach in TLPT agus na maoirseoirí freagracha.

(27) Ceanglaítear le hAirteagal 26(8), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) 2022/2554 ó eintitis airgeadais go ndéanfaidh siad conradh le tástálaithe seachtracha gach trí thástáil. I gcás ina n-áiríonn eintitis airgeadais tástálaithe inmheánacha agus seachtracha araon ar an bhfoireann tástálaithe, ba cheart a mheas gur TLPT é a dhéantar le tástálaithe inmheánacha chun críocha an Airteagail sin.

(28) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Baincéireachta Eorpach, an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde, an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (Údaráis Mhaoirseachta Eorpacha) faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhaontú leis an mBanc Ceannais Eorpach.

(29) Reáchtáil na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne siad anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo agus d'iarr siad comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Árachais agus Athárachais agus ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Pinsean Ceirde arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), agus ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]).

(30) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) agus thug an Maoirseoir tuairim an 20 Lúnasa 2024,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'foireann rialaithe' an fhoireann atá comhdhéanta de bhaill foirne an eintitis airgeadais a tástáladh agus, i gcás inarb ábhartha, i gcomaoin raon feidhme TLPT, baill foirne a sholáthraithe seirbhíse tríú páirtí agus aon pháirtí eile, a bhainistíonn an tástáil;

(2) ciallaíonn 'ceannasaí na foirne rialaithe' an ball foirne den eintiteas airgeadais atá freagrach as gach gníomhaíocht a bhaineann le TLPT a dhéanamh don eintiteas airgeadais i gcomhthéacs tástáil ar leith;

(3) ciallaíonn 'foireann ghorm' baill foirne an eintitis airgeadais agus, i gcás inarb ábhartha, baill foirne sholáthraithe seirbhíse tríú páirtí an eintitis airgeadais agus aon pháirtí eile a mheastar a bheith ábhartha i gcomaoin raon feidhme TLPT, de sholáthraithe seirbhíse tríú páirtí an eintitis airgeadais, atá ag cosaint na húsáide a bhaineann eintiteas airgeadais as córais líonra agus faisnéise trína sheasamh cibearshlándála a choinneáil ar bun in aghaidh ionsaithe ionsamhlaithe nó fíorionsaithe agus nach bhfuil ar an eolas faoi TLPT;

(4) ciallaíonn 'cúraimí foirne goirme' cúraimí a dhéanann an fhoireann ghorm de ghnáth, amhail lárionad oibríochtaí slándála (SOC), seirbhísí bonneagair TFC, seirbhísí deisce cabhraí, seirbhísí bainistithe teagmhas ar an leibhéal oibríochtúil;

(5) ciallaíonn 'foireann dhearg' na tástálaithe, bídís inmheánach nó seachtrach, ar conradh le haghaidh TLPT nó sannta do TLPT;

(6) ciallaíonn 'modh na foirne corcra' gníomhaíocht tástála chomhoibríoch a mbíonn na tástálaithe agus an fhoireann ghorm araon páirteach inti;

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1093/oj).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1094/oj).

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1095/oj).

([6]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

(7) ciallaíonn 'údarás TPT' aon cheann díobh seo a leanas:

(a) an t-údarás poiblí aonair san earnáil airgeadais arna ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 26(9) de Rialachán (AE) 2022/2554;

(b) an t-údarás san earnáil airgeadais a dtarmligtear chuige cuid de na cúraimí nó na cúraimí uile i ndáil le TLPT a fheidhmiú i gcomhréir le hAirteagal 26(10) de Rialachán (AE) 2022/2554;

(c) aon cheann de na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 46 de Rialachán (AE) 2022/2554;

(8) ciallaíonn 'Cibearfhoireann TLPT' nó 'TCT' na baill foirne laistigh d'údaráis TLPT atá freagrach as ábhair a bhaineann le TLPT;

(9) ciallaíonn 'bainisteoirí tástála' baill foirne atá ainmnithe chun gníomhaíochtaí údarás TLPT a stiúradh le haghaidh TLPT sonrach chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an Rialacháin seo;

(10) ciallaíonn 'soláthraí faisnéise bagartha' na saineolaithe, atá ar conradh ag an eintiteas airgeadais le haghaidh gach TLPT, agus atá seachtrach don eintiteas airgeadais agus do sholáthraithe seirbhíse TFC inghrúpa más ann dóibh, a bhailíonn agus a dhéanann anailís ar fhaisnéis bhagartha spriocdhírithe atá ábhartha do na heintitis airgeadais faoi raon feidhme chleachtadh sonrach TLPT agus a fhorbraíonn cásanna bagartha atá ábhartha agus réalaíoch;

(11) ciallaíonn 'soláthraithe TPT' tástálaithe agus soláthraithe faisnéise bagartha;

(12) ciallaíonn 'fóirithint' an cúnamh nó an fhaisnéis a sholáthraíonn an fhoireann rialaithe do na tástálaithe chun é a chur ar a gcumas do na tástálaithe leanúint de chonair inionsaithe a chur i gcrích i gcás nach féidir leo dul chun cinn a dhéanamh leo féin, agus i gcás nach bhfuil aon rogha réasúnta eile ann, lena n-áirítear le haghaidh tréimhse nó acmhainní nach bhfuil leordhóthanach in TLPT ar leith;

(13) ciallaíonn 'conair inionsaithe' an bealach a leanann tástálaithe le linn chéim thástála na foirne deirge gníomhaí den TLPT chun na bratacha a shonraítear don TLPT sin a bhaint amach;

(14) is príomhchuspóirí iad 'bratacha' sna córais TFC lena dtacaítear le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha eintitis airgeadais a ndéanann na tástálaithe iarracht iad a bhaint amach tríd an tástáil;

(15) ciallaíonn 'faisnéis íogair' faisnéis is féidir a úsáid go héasca chun ionsaithe a dhéanamh ar chórais TFC an eintitis airgeadais, ar mhaoin intleachtúil, ar shonraí rúnda gnó, nó ar shonraí pearsanta, a d'fhéadfadh díobháil dhíreach nó indíreach a dhéanamh don eintiteas airgeadais agus dá éiceachóras, dá bhfaigheadh gníomhaithe mailíseacha í;

(16) ciallaíonn 'comhthiomsú' na heintitis airgeadais uile atá rannpháirteach in TLPT comhthiomsaithe de bhun Airteagal 26(4) de Rialachán (AE) 2022/2554;

(17) ciallaíonn 'Ballstát óstach' an Ballstát óstach i gcomhréir le dlí earnálach an Aontais is infheidhme maidir le gach eintiteas airgeadais;

(18) ciallaíonn 'TLPT comhpháirteach' TLPT, seachas TLPT comhthiomsaithe dá dtagraítear in Airteagal 26(4) de Rialachán (AE) 2022/2554, lena mbaineann roinnt eintiteas airgeadais a úsáideann an soláthraí seirbhíse TFC inghrúpa céanna, nó a bhaineann leis an ngrúpa céanna agus a chomhroinneann córais TFC.

*Airteagal 2*

**Eintitis airgeadais a shainaithint a gceanglaítear orthu TLPT a dhéanamh**

1. Déanfaidh údaráis TLPT measúnú cé acu a cheanglaítear nó nach gceanglaítear ar aon eintiteas airgeadais TLPT a dhéanamh, agus tionchar na n-eintiteas airgeadais sin, a saintréithe sistéamacha agus a bpróifíl riosca TFC á gcur san áireamh, ar bhonn na gcritéar uile seo a leanas:

(a) tosca a bhaineann le tionchar agus le saintréithe sistéamacha:

(i) méid an eintitis airgeadais, arna chinneadh ar bhonn cé acu a sholáthraíonn nó nach soláthraíonn an t-eintiteas airgeadais seirbhísí airgeadais i mBallstát amháin nó níos mó agus trí ghníomhaíochtaí an eintitis airgeadais a chur i gcomparáid le gníomhaíochtaí eintiteas airgeadais eile a sholáthraíonn seirbhísí comhchosúla;

(ii) méid agus cineál idircheangailteachta an eintitis airgeadais le heintitis airgeadais eile san earnáil airgeadais i mBallstát amháin nó níos mó;

(iii) criticiúlacht nó tábhacht na seirbhísí a sholáthraíonn an t-eintiteas airgeadais don earnáil airgeadais;

(iv) inionadaitheacht na seirbhísí a sholáthraíonn an t-eintiteas airgeadais;

(v) castacht shamhail ghnó an eintitis airgeadais agus na seirbhísí gaolmhara agus na bpróiseas gaolmhar;

(vi) cé acu atá nó nach bhfuil an t-eintiteas airgeadais ina chuid de ghrúpa saintréithe sistéamaí ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta san earnáil airgeadais agus a dhéanann córais TFC a chomhroinnt;

(b) Tosca a bhaineann le riosca TFC:

(i) próifíl riosca an eintitis airgeadais;

(ii) timpeallacht na bagartha de chuid an eintitis airgeadais;

(iii) a mhéid a bhraitheann feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha nó feidhmeanna tacaíochta an eintitis airgeadais ar chórais agus ar phróisis TFC;

(iv) castacht ailtireacht TFC an eintitis airgeadais;

(v) na seirbhísí agus na feidhmeanna TFC a dtacaíonn soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí leo, agus cainníocht agus cineál na socruithe conarthacha le soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí nó soláthraithe seirbhíse TFC inghrúpa;

(vi) torthaí aon athbhreithnithe maoirseachta atá ábhartha don mheasúnú ar aibíocht TFC an eintitis airgeadais;

(vii) aibíocht pleananna leanúnachais gnó TFC agus pleananna freagartha agus athshlánaithe TFC;

(viii) aibíocht na mbeart oibríochtúil braite agus maolaithe slándála TFC, lena n-áirítear an cumas chun:

(1) faireachán a dhéanamh ar bhonneagar TFC an eintitis airgeadais ar bhonn buan;

(2) teagmhais a bhaineann le TFC a bhrath i bhfíor-am;

(3) anailís a dhéanamh ar na teagmhais dá dtagraítear i bpointe (2);

(4) freagairt do na teagmhais dá dtagraítear i bpointe (2) ar bhealach tráthúil agus éifeachtach;

(ix) cé acu atá nó nach bhfuil an t-eintiteas airgeadais ina chuid de ghrúpa atá gníomhach san earnáil airgeadais ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta a chomhroinneann córais TFC.

Chun críocha phointe (a)(i), breithneoidh údarás TLPT, i gcás inar féidir, an méid seo a leanas:

(a) staid an eintitis airgeadais maidir lena sciar den mhargadh ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta;

(b) raon na ngníomhaíochtaí a chuireann an t-eintiteas airgeadais ar fáil;

(c) an sciar den mhargadh atá ag na seirbhísí a sholáthraíonn an t-eintiteas airgeadais nó ag na gníomhaíochtaí a dhéantar ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta.

Chun críocha phointe (a)(v), breithneoidh údarás TLPT, i gcás inar féidir:

(a) cé acu a oibríonn nó nach n-oibríonn an t-eintiteas airgeadais níos mó ná samhail ghnó amháin;

(b) idircheangailteacht na bpróiseas gnó éagsúil agus na seirbhísí gaolmhara.

2. Ceanglóidh údaráis TLPT ar gach ceann de na heintitis airgeadais seo a leanas TLPT a dhéanamh, mura léirítear sa mheasúnú dá dtagraítear i mír 1 i leith eintiteas airgeadais nach dtugann a thionchar, na hábhair imní maidir le cobhsaíocht airgeadais a bhaineann leis an eintiteas airgeadais sin, nó a phróifíl riosca TFC, údar le TLPT a dhéanamh:

(a) institiúidí creidmheasa a chomhlíonann aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

(i) sainaithníodh iad mar institiúidí domhanda a bhfuil tábhacht shistéamach leo (G-SIInna) i gcomhréir le hAirteagal 131 de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]);

(ii) sainaithníodh iad mar institiúidí eile a bhfuil tábhacht shistéamach leo (O-SIInna) i gcomhréir le hAirteagal 131 de Threoir 2013/36/AE;

(iii) is cuid de G-SII nó de O-SII iad;

([7]) Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/36/oj).

(b) institiúidí íocaíochta a sháraigh EUR 150 billiún i ngach ceann den 2 bhliain féilire roimh an measúnú a rinne údarás TLPT ar luach iomlán na n-idirbheart íocaíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (5), de Threoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle; ([8])

(c) institiúidí ríomh-airgid a sháraigh EUR 150 billiún de luach iomlán na n-idirbheart íocaíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (5), de Threoir (AE) 2015/2366 nó EUR 40 billiún de luach iomlán mhéid an ríomh-airgid gan íoc i ngach ceann den 2 bhliain féilire roimh an measúnú a rinne údarás TLPT;

(d) taisclanna lárnacha urrús;

(e) contrapháirtithe lárnacha;

(f) ionaid trádála ag a bhfuil córas trádála leictreonach a chomhlíonann aon cheann de na critéir seo a leanas:

(i) tá an sciar is airde den mhargadh ag an ionad trádála i dtéarmaí láimhdeachais ar an leibhéal náisiúnta i ngach ceann den 2 bhliain féilire roimh an measúnú a rinne údarás TLPT in aon cheann díobh seo a leanas:

(1) urrúis inaistrithe mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (44)(a), de Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]);

(2) urrúis inaistrithe mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (44)(b), de Threoir 2014/65/AE;

(3) díorthaigh mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (29), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]);

(4) táirgí airgeadais struchtúrtha mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (28), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014;

(5) lamháltais astaíochtaí dá dtagraítear i Roinn C, pointe (11), d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE;

(ii) tá sciar den mhargadh ag an ionad trádála i dtéarmaí láimhdeachais ar leibhéal an Aontais a sháraíonn 5 % i ngach ceann den 2 bhliain féilire roimh mheasúnú an údaráis TLPT in aon cheann díobh seo a leanas:

(1) scaireanna i gcuideachtaí agus in urrúis eile atá comhionann le scaireanna i gcuideachtaí, i gcomhpháirtíochtaí nó in eintitis eile, agus admhálacha taisclainne i leith scaireanna;

(2) bannaí nó cineálacha eile fiachais urrúsaithe, lena n-áirítear admhálacha taisclainne i leith urrús den sórt sin;

(3) díorthaigh mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (29), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014,

(4) táirgí airgeadais struchtúrtha mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (28), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014;

(5) lamháltais astaíochtaí dá dtagraítear i Roinn C, pointe (11), d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE;

([8]) Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoir 2002/65/CE, Treoir 2009/110/CE agus Treoir 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2015/2366/oj).

([9]) Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/65/oj).

([10]) Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 173, 12.6.2014, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/138/oj).

(g) gnóthais árachais agus athárachais a chomhlíonann na critéir uile seo a leanas:

(i) tá préimh chomhlán i scríbhinn (GWP) acu ar mó í ná EUR 1 500 000 000;

(ii) tá forálacha teicniúla acu ar mó iad ná EUR 10 000 000 000;

(iii) gnóthais árachais nach saothraíonn ach gníomhaíochtaí saoil nó a shaothraíonn gníomhaíochtaí saoil agus neamhshaoil araon agus a bhfuil sócmhainní iomlána acu a sháraíonn 3,5 % de shuim iomlán na sócmhainní arna luacháil i gcomhréir le hAirteagal 75 de Threoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]) de na gnóthais árachais agus athárachais atá bunaithe sa Bhallstát.

Chun críocha (f)(ii), i gcás ina mbeidh an t-ionad trádála ina chuid de ghrúpa a chomhroinneann chórais TFC nó den soláthraí seirbhíse TFC inghrúpa céanna, breithneofar láimhdeachas na gconarthaí urrús agus díorthach ar gach ionad trádála a bhaineann leis an ngrúpa céanna agus atá bunaithe san Aontas.

Chun críocha phointe (g), sainaithneoidh údaráis TLPT fothacar de na gnóthais árachais agus athárachais uile trí na critéir a leagtar síos i bpointí (g)(i), (ii), agus (iii) a chur i bhfeidhm. Ceanglófar ar ghnóthais árachais agus athárachais a áirítear san fhothacar sin TLPT a dhéanamh i gcás ina gcomhlíonann siad aon cheann de na critéir seo a leanas freisin:

(a) préimh chomhlán i scríbhinn (GWP) ar mó í ná EUR 3 000 000 000;

(b) forálacha teicniúla ar mó iad ná EUR 30 000 000 000;

(c) sócmhainní iomlána a sháraíonn 10 % de shuim iomlán na sócmhainní arna luacháil i gcomhréir le hAirteagal 75 de Threoir 2009/138/CE de chuid na ngnóthas árachais agus athárachais atá bunaithe sa Bhallstát.

3. I gcás ina gcomhlíonfaidh níos mó ná eintiteas airgeadais amháin a bhaineann leis an ngrúpa céanna agus a chomhroinneann córais TFC, nó i gcás ina gcomhlíonfaidh níos mó ná eintiteas airgeadais amháin a úsáideann an soláthraí seirbhíse TFC inghrúpa céanna, na critéir a leagtar amach i mír 2, cinnfidh údaráis TLPT na n-eintiteas airgeadais sin, i gcomhréir le hAirteagal 16(2), cé acu atá nó nach bhfuil an ceanglas TLPT a dhéanamh ar bhonn aonair ábhartha do na heintitis airgeadais sin.

I gcás nach ionann údarás TLPT mháthairghnóthas grúpa eintiteas airgeadais dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus údaráis TLPT eintitis airgeadais an ghrúpa, rachaidh údaráis TLPT na n-eintiteas airgeadais ar leis an ngrúpa sin i gcomhairle leis an údarás sin maidir le cé acu is iomchuí nó nach iomchuí TLPT a dhéanamh ar bhonn aonair.

*Airteagal 3*

**Bainisteoirí Tástála TCT agus TLPT**

1. Sannfaidh údarás TLPT an fhreagracht as gníomhaíochtaí a bhaineann le TLPT a chomhordú do TCT. Beidh TCT comhdhéanta de bhainisteoirí tástála a shanntar chun maoirseacht a dhéanamh ar TLPT aonair.

2. I gcás gach tástála, ainmneoidh údarás TLPT bainisteoir tástála agus comhalta malartach amháin ar a laghad.

3. Déanfaidh na bainisteoirí tástála faireachán féachaint an gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo agus áiritheoidh siad go gcomhlíontar iad.

([11]) Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le dul i mbun ghnó an Árachais agus an Athárachais agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II) (IO L 335, 17.12.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/138/oj).

4. Cuirfidh an bainisteoir tástála sonraí teagmhála an TCT in iúl don eintiteas airgeadais tríd an bhfógra dá dtagraítear in Airteagal 9(1).

5. Beidh údarás TLPT rannpháirteach i ngach céim de TLPT.

*Airteagal 4*

**Socruithe eagraíochtúla le haghaidh eintitis airgeadais**

1. Ceapfaidh eintitis airgeadais ceannasaí foirne rialaithe a bheidh freagrach as bainistiú laethúil TLPT agus as cinntí agus gníomhaíochtaí na foirne rialaithe.

2. Bunóidh eintitis airgeadais bearta eagraíochtúla agus nós imeachta chun an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) go bhfuil rochtain ar fhaisnéis a bhaineann le haon TLPT atá beartaithe nó atá ar siúl faoi láthair teoranta ar bhonn riachtanas eolais don fhoireann rialaithe, don chomhlacht bainistíochta, do na tástálaithe, don soláthraí faisnéise bagartha agus d'údarás TLPT;

(b) go rachaidh an fhoireann rialaithe i gcomhairle leis na bainisteoirí tástála sula mbeidh aon bhall den fhoireann ghorm rannpháirteach in TLPT;

(c) go gcuirfear an fhoireann rialaithe ar an eolas faoi aon bhrath TLPT ag baill foirne an eintitis airgeadais nó ag a sholáthraithe seirbhíse tríú páirtí; i gcás géarú ar an bhfreagairt ar theagmhas a eascraíonn as sin, i gcás inar gá, go mbeidh géarú den sórt sin san fhoireann rialaithe;

(d) go bhfuil socruithe i bhfeidhm a bhaineann le rúndacht TLPT, is infheidhme maidir le foireann an eintitis airgeadais, le foireann na soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí lena mbaineann, le tástálaithe agus leis an soláthraí faisnéise bagartha;

(e) go soláthróidh an fhoireann rialaithe aon fhaisnéis a bhaineann leis an TLPT do na bainisteoirí tástála arna iarraidh sin dóibh;

(f) i gcás inar féidir, nach ndéanann páirtithe a bhfuil baint acu le TLPT tagairt dó ach amháin de réir códainm.

*Airteagal 5*

**Bainistíocht riosca do TLPT**

1. Le linn na céime ullmhúcháin dá dtagraítear in Airteagal 9, déanfaidh an fhoireann rialaithe measúnú ar na rioscaí a bhaineann le córais táirgthe bheo d'fheidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha an eintitis airgeadais a thástáil, lena n-áirítear tionchair fhéideartha ar na nithe seo a leanas:

(a) an earnáil airgeadais;

(b) an chobhsaíocht airgeadais ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta.

Déanfaidh an fhoireann rialaithe athbhreithniú ar na tionchair sin le linn na tástála.

2. Chun críocha an mheasúnaithe riosca agus an bhainistithe riosca, cuirfidh an fhoireann rialaithe na cineálacha rioscaí seo a leanas ar a laghad san áireamh:

(a) rochtain a thabhairt don soláthraí faisnéise bagartha agus do na tástálaithe seachtracha, i gcás inarb infheidhme, ar fhaisnéis íogair faoin eintiteas airgeadais;

(b) easpa comhlíontachta TLPT le Rialachán (AE) 2022/2554 agus leis an Rialachán seo i gcás ina bhfuil easpa fianaithe dá dtagraítear in Airteagal 26(7) de Rialachán (AE) 2022/2554 mar thoradh ar easpa comhlíontachta den sórt sin, lena n-áirítear i gcás inarb é is cúis leis an easpa comhlíontachta sin sáruithe rúndachta ar TLPT nó easpa iompair eiticiúil;

(c) géarú ar ghéarchéimeanna agus ar theagmhais;

(d) céim ghníomhach na foirne deirge, lena n-áirítear rioscaí a bhaineann le cur isteach ar ghníomhaíochtaí criticiúla agus le héilliú sonraí de dheasca ghníomhaíochtaí na dtástálaithe, agus na tionchair a d'fhéadfadh a bheith aige ar thríú páirtithe;

(e) gníomhaíocht na foirne goirme, lena n-áirítear rioscaí a bhaineann le cur isteach ar ghníomhaíochtaí criticiúla agus le héilliú sonraí de dheasca ghníomhaíochtaí na foirne goirme, agus na tionchair a d'fhéadfadh a bheith aici ar thríú páirtithe;

(f) athbhunú neamhiomlán na gcóras a ndéanann TLPT difear dóibh.

*Airteagal 6*

**Bainistíocht riosca le haghaidh TLPTanna comhthiomsaithe nó comhpháirteacha**

1. I gcás TLPT comhpháirteach nó TLPT comhthiomsaithe, déanfaidh foireann rialaithe gach eintitis airgeadais a measúnú riosca féin agus bunóidh sí a bearta bainistíochta riosca féin.

2. Déanfaidh foireann rialaithe an eintitis airgeadais ainmnithe dá dtagraítear in Airteagal 16(3), pointe (b), den Rialachán seo, nó an t-eintiteas airgeadais a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 26(4) de Rialachán (AE) 2022/2554, measúnú ar na rioscaí a bhaineann le rannpháirtíocht eintiteas airgeadais iolrach in TLPT. Comhoibreoidh foirne rialaithe na n-eintiteas airgeadais lena mbaineann le foireann rialaithe an eintitis airgeadais ainmnithe chun rioscaí comhpháirteacha a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint.

*Airteagal 7*

**Soláthraithe TLPT a roghnú**

1. Déanfaidh an fhoireann rialaithe bearta chun na rioscaí a bhaineann le TLPT a bhainistiú agus áiritheoidh sí, go háirithe, i gcás gach TLPT:

(a) soláthraíonn an soláthraí faisnéise bagartha agus na tástálaithe seachtracha *curriculum vitae* mionsonraithe don fhoireann rialaithe mar aon le cóipeanna de dheimhnithe atá iomchuí, de réir caighdeáin mhargaidh aitheanta, chun a gcuid gníomhaíochtaí a fheidhmiú;

(b) cumhdaítear an soláthraí faisnéise bagartha agus an tástálaí seachtrach go cuí agus go hiomlán le hárachais chuí slánaíochta gairmiúla, lena n-áirítear in aghaidh rioscaí mí-iompair agus faillí;

(c) soláthraíonn an soláthraí faisnéise bagartha trí thagairt ar a laghad ó shannacháin roimhe seo i gcomhthéacs tástála treáite agus tástála foirne deirge;

(d) soláthraíonn na tástálaithe seachtracha cúig thagairt ar a laghad ó shannacháin roimhe sin a bhaineann le tástáil treáite agus tástáil foirne deirge;

(e) baill foirne an tsoláthraí faisnéise bagartha arna sannadh do TLPT:

(i) tá sé comhdhéanta ar a laghad de bhainisteoir ag a bhfuil taithí 5 bliana ar a laghad ar fhaisnéis bhagartha agus comhalta breise amháin ar a laghad ag a bhfuil taithí 2 bhliain ar a laghad ar fhaisnéis bhagartha;

(ii) raon leathan agus leibhéal iomchuí eolais ghairmiúil agus scileanna gairmiúla a léiriú, lena n-áirítear:

(1) oirbheartaíocht, teicnící agus nósanna imeachta bailithe faisnéise;

(2) eolas geopholaitiúil, teicniúil agus earnálach;

(3) scileanna cumarsáide leordhóthanacha chun toradh na rannpháirtíochta a chur i láthair agus a thuairisciú go soiléir;

(iii) tá rannpháirtíocht chomhcheangailte aige i dtrí shannachán ar a laghad roimhe seo san fhaisnéis bhagartha i gcomhthéacs tástála treáite agus tástála foirne deirge;

(iv) nach ndéanann sé go comhuaineach aon chúraimí foirne gorma nó seirbhísí eile a d'fhéadfadh coinbhleacht leasa a chur i láthair i ndáil leis an eintiteas airgeadais, an soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí nó an soláthraí seirbhíse TFC inghrúpa a bhfuil baint aige le TLPT dá sanntar iad;

(v) tá sé scartha ó bhaill foirne an tsoláthraí TLPT chéanna a sholáthraíonn tástálaithe seachtracha don TLPT céanna agus ní thugann sé tuairisc dóibh;

(f) i gcás tástálaithe seachtracha, an fhoireann dhearg atá sannta do TLPT:

(i) ina bhfuil bainisteoir ar a laghad, ag a bhfuil taithí 5 bliana ar a laghad ar thástáil treáite agus ar thástáil foirne deirge chomh maith le dhá thástálaí breise ar a laghad, agus tástáil treáite agus tástáil foirne deirge 2 bhliain ar a laghad ag gach ceann acu;

(ii) taispeánann sé raon leathan agus leibhéal iomchuí eolais ghairmiúil agus scileanna gairmiúla, lena n-áirítear eolas faoi ghnó an eintitis airgeadais, taiscéalaíocht, bainistiú riosca, forbairt dúshaothraithe, treá fisiceach, innealtóireacht shóisialta, anailís leochaileachta, chomh maith le scileanna leordhóthanacha cumarsáide chun toradh na rannpháirtíochta a chur i láthair agus a thuairisciú go soiléir;

(iii) tá rannpháirtíocht chomhcheangailte aige i gcúig shannachán roimhe seo ar a laghad a bhaineann le tástáil treáite agus tástáil foirne deirge;

(iv) níl sé fostaithe ag soláthraí faisnéise bagartha, ná nach soláthraíonn seirbhísí do sholáthraí faisnéise bagartha, a dhéanann cúraimí foirne gorma go comhuaineach d'eintiteas airgeadais, do sholáthraí seirbhíse TFC tríú páirtí, ná do sholáthraí seirbhíse TFC inghrúpa a bhfuil baint aige le TLPT;

(v) scartha ó aon bhall foirne den soláthraí TLPT céanna a sholáthraíonn seirbhísí faisnéise bagartha don TLPT céanna go comhuaineach;

(g) déanann na tástálaithe agus an soláthraí faisnéise bagartha nósanna imeachta athbhunaithe ag deireadh na tástála, lena n-áirítear scriosadh slán faisnéise a bhaineann le pasfhocail, dintiúir, agus comheochracha rúnda eile a cuireadh i mbaol le linn TLPT, cumarsáid shlán leis na heintitis airgeadais faoi na cuntais a cuireadh i mbaol, bailiú, stóráil, bainistiú, agus diúscairt slán sonraí eile a bailíodh le linn na tástála;

(h) chomh maith leis na nósanna imeachta athbhunaithe ag deireadh na tástála dá dtagraítear i bpointe (g), déanann na tástálaithe na nósanna imeachta athbhunaithe seo a leanas:

(i) díghníomhachtú ceannais agus rialaithe;

(ii) lasca éigeandála raon feidhme agus dáta;

(iii) cúldoirse agus bogearraí mailíseacha eile a bhaint;

(iv) fógra a thabhairt faoi shárú féideartha;

(v) nósanna imeachta le haghaidh athbhunú cúltaca amach anseo a d'fhéadfadh baint a bheith aige le bogearraí mailíseacha nó le huirlisí a suiteáladh le linn na tástála;

(vi) faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na foirne goirme agus an fhoireann rialaithe a chur ar an eolas faoi aon bhrath a d'fhéadfadh a bheith ann;

(i) ní dhéanann tástálaithe ná an soláthraí faisnéise bagartha aon cheann de na gníomhaíochtaí seo a leanas ná ní bhíonn siad rannpháirteach iontu:

(i) scriosadh neamhúdaraithe threalamh an eintitis airgeadais agus a sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí, más ann dóibh;

(ii) modhnú neamhrialaithe ar fhaisnéis agus ar shócmhainní TFC an eintitis airgeadais agus a sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí, más ann dóibh;

(iii) leanúnachas fheidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha an eintitis airgeadais a chur i mbaol d'aon ghnó;

(iv) cuimsiú neamhúdaraithe córas lasmuigh den raon feidhme;

(v) nochtadh neamhúdaraithe ar thorthaí tástála.

2. Coinneoidh an fhoireann rialaithe taifead ar an doiciméadacht arna soláthar ag na tástálaithe agus ag na soláthraithe faisnéise bagartha chun fianaise a thabhairt go gcomhlíontar mír 1, pointí (a) go (f).

In imthosca eisceachtúla, féadfaidh eintitis airgeadais conradh a dhéanamh le tástálaithe seachtracha agus soláthraithe faisnéise bagartha nach gcomhlíonann ceann amháin nó níos mó de na ceanglais a leagtar amach i mír 1, pointí (a) go (f), ar choinníoll go nglacann na heintitis airgeadais sin bearta atá iomchuí chun na rioscaí a bhaineann le heaspa comhlíontachta leis na pointí sin a mhaolú agus na bearta sin a thaifeadadh.

*Airteagal 8*

**Sainiúlachtaí le haghaidh TLPTanna comhthiomsaithe nó TLPTanna comhpháirteacha**

1. Mura gcinnfidh an príomhúdarás TLPT a mhalairt, i gcás ina mbeidh roinnt eintiteas airgeadais, arna sainaithint i gcomhréir le hAirteagal 16(2) nó (4), páirteach in TLPT comhthiomsaithe nó comhpháirteach, leanfaidh gach eintiteas airgeadais gach ceann de na céimeanna a leagtar amach in Airteagail 9 go 15.

2. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Rialachán seo, i gcás ina bhfuil baint ag roinnt údarás TLPT le TLPT comhpháirteach nó le TLPT comhthiomsaithe, dá dtagraítear in Airteagal 16(3) nó 16(5), tuigfear tagairtí in Airteagail 9 go 15 do 'údarás TLPT' mar thagairt don phríomhúdarás TLPT le haghaidh an TLPT comhthiomsaithe nó comhpháirteach sin.

*Airteagal 9*

**Céim an ullmhúcháin**

1. Eintiteas airgeadais a shainaithnítear de bhun Airteagal 26, mír 8, an tríú fomhír de Rialachán (AE) 2022/2554, tionscnóidh sé TLPT tar éis fógra a fháil ó údarás TLPT go bhfuil TLPT le déanamh.

2. Déanfaidh eintiteas airgeadais, laistigh de 3 mhí tar éis dó an fógra dá dtagraítear i mír 1 a fháil, an fhaisnéis tionscnaimh TLPT uile seo a leanas a chur faoi bhráid na mbainisteoirí tástála:

(a) cairt tionscadail lena n-áirítear plean tionscadail ardleibhéil, ina mbeidh an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn I;

(b) sonraí teagmhála cheannasaí na foirne rialaithe;

(c) faisnéis maidir leis an úsáid atá beartaithe do thástálaithe inmheánacha nó seachtracha nó dóibh araon, i gcás inarb ábhartha mar a shonraítear in Airteagal 15;

(d) faisnéis maidir leis na bealaí cumarsáide atá le húsáid le linn TLPT;

(e) an códainm don TLPT.

3. I gcás ina bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2, pointí (a) go (e), iomlán agus ina n-áirithíonn sé oiriúnacht agus feidhmíocht éifeachtach TLPT, déanfaidh údarás TLPT doiciméid tionscnaimh TLPT an eintitis airgeadais a bhailíochtú agus tabharfaidh sé fógra don eintiteas airgeadais ina leith sin.

4. Tar éis d'údarás TLPT faisnéis tionscnaimh TLPT a bhailíochtú, bunóidh an t-eintiteas airgeadais foireann rialaithe chun tacú le ceannasaí na foirne rialaithe ina chúraimí seo a leanas:

(a) bealaí agus próisis chumarsáide a shonrú laistigh den fhoireann rialaithe, leis na tástálaithe agus leis na soláthraithe faisnéise bagartha i ngach ábhar a bhaineann le TLPT;

(b) comhlacht bainistíochta an eintitis airgeadais a chur ar an eolas maidir le dul chun cinn TLPT agus na rioscaí lena mbaineann;

(c) cinntí a dhéanamh bunaithe ar shaineolas an ábhair ar fud TLPT;

(d) TLPT a fhorghníomhú i gcomhréir leis an Rialachán seo;

(e) an soláthraí faisnéise bagartha a roghnú don TLPT;

(f) na tástálaithe seachtracha, na tástálaithe inmheánacha nó an dá cheann a roghnú;

(g) doiciméad na sonraíochta raoin feidhme a ullmhú.

5. I gcás ina measann údarás TLPT go bhfuil comhdhéanamh tosaigh na foirne rialaithe agus aon athrú a dhéanfar uirthi ina dhiaidh sin leordhóthanach chun na cúraimí dá dtagraítear i mír 4 a fheidhmiú, déanfaidh údarás TLPT an fhoireann rialaithe a bhailíochtú agus tabharfaidh sé fógra do cheannasaí na foirne rialaithe ina leith.

6. Cuirfidh an t-eintiteas airgeadais doiciméad na sonraíochta raoin feidhme ina mbeidh an fhaisnéis uile a leagtar amach in Iarscríbhinn II faoi bhráid na mbainisteoirí tástála laistigh de 6 mhí ón bhfógra dá dtagraítear i mír 1 a fháil ón údarás TLPT. Formheasfaidh comhlacht bainistíochta an eintitis airgeadais doiciméad na sonraíochta raoin feidhme.

7. Breithneoidh eintitis airgeadais na critéir seo a leanas chun feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha a áireamh i raon feidhme TLPT:

(a) criticiúlacht nó tábhacht na feidhme agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aici ar an earnáil airgeadais agus ar chobhsaíocht airgeadais ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta;

(b) tábhacht na feidhme d'oibríochtaí gnó laethúla an eintitis airgeadais;

(c) inmhalartaitheacht na feidhme;

(d) an idircheangailteacht le feidhmeanna eile;

(e) suíomh geografach na feidhme;

(f) spleáchas earnálach eintiteas eile ar an bhfeidhm;

(g) i gcás ina bhfuil sí ar fáil, faisnéis bhagartha maidir leis an bhfeidhm.

8. Roinnfidh an fhoireann rialaithe faisnéis tionscnaimh TLPT agus doiciméad na sonraíochta raoin feidhme leis na tástálaithe agus leis na soláthraithe faisnéise bagartha a luaithe a bheidh siad ar conradh. Cuirfidh an fhoireann rialaithe na tástálaithe agus na soláthraithe faisnéise bagartha ar an eolas faoin bpróiseas tástála a bheidh le leanúint.

9. Áiritheoidh an t-eintiteas airgeadais go gcuirfear soláthar nó sannadh tástálaithe agus soláthraithe faisnéise bagartha i gcrích sula gcuirfear tús leis an gcéim thástála.

10. Sula gcuirfear tús leis an gcéim thástála, rachaidh an fhoireann rialaithe i gcomhairle leis na bainisteoirí tástála maidir leis an measúnú riosca TLPT agus maidir leis na bearta bainistíochta riosca. Déanfaidh an fhoireann rialaithe athbhreithniú ar an measúnú riosca nó ar na bearta bainistíochta riosca i gcás ina bhfuil an t-údarás TLPT den tuairim nach dtugann siad aghaidh go leordhóthanach ar rioscaí TLPT.

11. Déanfaidh an fhoireann rialaithe measúnú ar chomhlíontacht soláthraithe faisnéise bagartha agus tástálaithe a mheasann siad a mbeadh baint acu le TLPT leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 27 de Rialachán (AE) 2022/2554 agus le hAirteagal 7(1) den Rialachán seo, agus déanfaidh siad toradh an mheasúnaithe sin a dhoiciméadú. Roghnóidh an fhoireann rialaithe soláthraithe faisnéise bagartha i gcomhréir leis an measúnú sin agus lena cleachtais bainistíochta riosca. Sula ndéanfar conradh leis na soláthraithe faisnéise bagartha roghnaithe agus na tástálaithe seachtracha roghnaithe, soláthróidh an fhoireann rialaithe do na bainisteoirí tástála fianaise go gcomhlíonann na soláthraithe faisnéise bagartha agus na tástálaithe faisnéise bagartha sin na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 27 de Rialachán (AE) 2022/2554 agus Airteagal 7(1) den Rialachán seo. Ní rachaidh an fhoireann rialaithe ar aghaidh le conradh a dhéanamh leis na soláthraithe faisnéise bagartha roghnaithe agus na tástálaithe seachtracha roghnaithe i gcás ina bhfuil údarás TLPT den tuairim nach gcomhlíonann na soláthraithe faisnéise bagartha roghnaithe agus na tástálaithe seachtracha roghnaithe na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 27 de Rialachán (AE) 2022/2554, ná na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 7(1) den Rialachán seo ná leis na ceanglais bhreise a eascraíonn as reachtaíocht slándála náisiúnta i gcomhréir le dlí an Aontais, nó i gcás nach gcomhlíonann an t-eintiteas airgeadais Airteagal 7(2), an chéad fhomhír, den Rialachán seo, nó i gcás nach gcomhlíontar na himthosca dá dtagraítear in Airteagal 7(2), an dara fomhír, den Rialachán seo.

12. I gcás ina bhfuil doiciméad na sonraíochta raoin feidhme iomlán agus ina n-áirithítear leis go ndéantar TLPT iomchuí agus éifeachtach, formheasfaidh údarás TLPT an doiciméad sin agus cuirfidh sé ceannasaí na foirne rialaithe ar an eolas faoi sin.

*Airteagal 10*

**An chéim thástála: Faisnéis bhagartha**

1. Tar éis d'údarás TLPT doiciméad na sonraíochta raoin feidhme a fhormheas, déanfaidh an soláthraí faisnéise bagartha anailís ar fhaisnéis bhagartha chineálach agus earnáilsonrach atá ábhartha don eintiteas airgeadais. I gcás ina sholáthair údarás TLPT timpeallacht chineálach na bagartha d'earnáil airgeadais Ballstáit, féadfaidh soláthraí na faisnéise bagartha an timpeallacht sin a úsáid mar bhonnlíne do thimpeallacht náisiúnta na bagartha. Sainaithneoidh an soláthraí faisnéise bagartha cibearbhagairtí agus leochaileachtaí atá ann cheana nó a d'fhéadfadh a bheith ann maidir leis an eintiteas airgeadais. Thairis sin, baileoidh an soláthraí faisnéise bagartha faisnéis maidir le faisnéis bhagartha agus sprice atá nithiúil, inghníomhaithe agus atá curtha i gcomhthéacs a bhaineann leis an eintiteas airgeadais, agus déanfaidh sé anailís orthu, lena n-áirítear trí dhul i gcomhairle leis an bhfoireann rialaithe agus leis na bainisteoirí tástála.

2. Cuirfidh an soláthraí faisnéise bagartha na bagairtí ábhartha agus an fhaisnéis bhagartha spriocdhírithe i láthair, agus molfaidh sé cásanna riachtanacha don fhoireann rialaithe, do na tástálaithe agus do na bainisteoirí tástála. Beidh na cásanna atá beartaithe éagsúil ó thaobh na ngníomhaithe bagartha sainaitheanta agus na n-oirbhearta, na dteicnící agus na nósanna imeachta a mbaineann leo agus díreofar ar gach feidhm chriticiúil nó thábhachtach i raon feidhme TLPT.

3. Roghnóidh ceannasaí na foirne rialaithe trí chás ar a laghad chun TLPT a dhéanamh ar bhonn gach ceann de na heilimintí seo a leanas:

(a) an moladh ón soláthraí faisnéise bagartha agus an cineál bunaithe ar bhagairtí de gach cás;

(b) an t-ionchur arna sholáthar ag na bainisteoirí tástála;

(c) féidearthacht na gcásanna atá beartaithe le haghaidh forghníomhaithe, bunaithe ar bhreithiúnas saineolach na dtástálaithe;

(d) méid, castacht agus próifíl riosca fhoriomlán an eintitis airgeadais agus cineál, scála agus castacht a sheirbhísí, a ghníomhaíochtaí agus a oibríochtaí.

4. Ní fhéadfaidh níos mó ná ceann amháin de na cásanna roghnaithe gan bheith bunaithe ar bhagairtí agus féadfaidh sé a bheith bunaithe ar bhagairt réamhbhreathnaitheach a d'fhéadfadh a bheith ficseanach agus ag a bhfuil luach ard tuarthach, réamhghníomhach, faille nó ionchasach i bhfianaise na bhforbairtí a bhfuil coinne leo i dtimpeallacht na bagartha a bhaineann leis an eintiteas airgeadais.

I gcás TLPTanna comhthiomsaithe, gan dochar do na cásanna lena spriocdhírítear go díreach ar fheidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha na n-eintiteas airgeadais a bhfuil baint acu leis an tástáil, áireofar i gcás amháin ar a laghad córais, próisis agus teicneolaíochtaí foluiteacha ábhartha TFC an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí lena dtacaítear le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha na n-eintiteas airgeadais sa raon feidhme.

I gcás inar TLPT comhpháirteach í an tástáil lena mbaineann soláthraí seirbhíse TFC inghrúpa, gan dochar do na cásanna lena spriocdhírítear go díreach ar fheidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha na n-eintiteas airgeadais a bhfuil baint acu leis an tástáil, áireofar i gcás amháin ar a laghad córais, próisis agus teicneolaíochtaí foluiteacha ábhartha TFC an tsoláthraí seirbhísí TFC inghrúpa lena dtacaítear le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha na n-eintiteas airgeadais atá faoin raon feidhme.

5. Soláthróidh an soláthraí faisnéise bagartha an tuarascáil faisnéise bagartha spriocdhírithe don fhoireann rialaithe, lena n-áirítear na cásanna a roghnaíodh i gcomhréir le míreanna 3 agus 4. Beidh an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn III sa tuarascáil faisnéise bagartha.

6. Cuirfidh an fhoireann rialaithe an tuarascáil faisnéise bagartha spriocdhírithe faoi bhráid an bhainisteora tástála lena formheas. I gcás ina bhfuil an tuarascáil faisnéise bagartha spriocdhírithe iomlán agus ina n-áirithítear léi feidhmíocht TLPT éifeachtach, formheasfaidh údarás TLPT an tuarascáil faisnéise bagartha spriocdhírithe agus cuirfidh sé ceannasaí na foirne rialaithe ar an eolas faoi sin.

*Airteagal 11*

**An chéim thástála: Tástáil na Foirne Deirge**

1. Tar éis don údarás TLPT an tuarascáil faisnéise bagartha spriocdhírithe a fhormheas, ullmhóidh na tástálaithe plean tástála na foirne deirge ina mbeidh an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn IV. Úsáidfidh na tástálaithe doiciméad na sonraíochta raoin feidhme agus an tuarascáil faisnéise bagartha spriocdhírithe mar bhonn chun na cásanna ionsaithe a tháirgeadh.

2. Rachaidh na tástálaithe i gcomhairle leis an bhfoireann rialaithe, leis an soláthraí faisnéise bagartha, agus leis na bainisteoirí tástála maidir le plean tástála na foirne deirge, lena n-áirítear an chumarsáid, an socrú nós imeachta agus an socrú bainistíochta tionscadail, na cásanna ullmhúcháin agus úsáide le haghaidh ghníomhachtú na fóirithinte, agus na comhaontuithe tuairiscithe don fhoireann rialaithe agus do na bainisteoirí tástála.

3. I gcás ina bhfuil plean tástála na foirne deirge críochnaithe agus ina n-áirithítear leis go ndéantar TLPT éifeachtach, formheasfaidh an fhoireann rialaithe agus an t-údarás TLPT plean tástála na foirne deirge agus cuirfidh TLPT ceannasaí na foirne rialaithe ar an eolas faoi sin.

4. Ar fhormheas phlean tástála na foirne deirge i gcomhréir le mír 3, déanfaidh na tástálaithe TLPT le linn chéim thástála na foirne deirge gníomhaí.

5. Beidh fad chéim thástála na foirne deirge gníomhaí comhréireach le raon feidhme TLPT, le scála, gníomhaíocht, castacht agus líon na n-eintiteas airgeadais agus na soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí nó TFC inghrúpa a bhfuil baint acu le TLPT, agus in aon chás mairfidh sé 12 sheachtain ar a laghad. Féadfar cásanna ionsaithe a fhorghníomhú go seicheamhach nó ag an tráth céanna. Tiocfaidh an fhoireann rialaithe, an soláthraí faisnéise bagartha, na tástálaithe agus na bainisteoirí tástála ar chomhaontú maidir le deireadh chéim thástála na foirne deirge gníomhaí.

6. Faoi réir a áirithiú go leanfaidh plean tástála na foirne deirge de bheith iomlán agus go mbeifear in ann TLPT éifeachtach a dhéanamh, formheasfaidh ceannasaí na foirne rialaithe agus na bainisteoirí tástála aon athrú ar phlean tástála na foirne deirge tar éis a fhormheasta, lena n-áirítear athruithe ar amlíne, raon feidhme, sprioc-chórais nó bratacha.

7. Le linn chéim thástála uile na foirne deirge gníomhaí, tuairisceoidh tástálaithe don fhoireann rialaithe agus do na bainisteoirí tástála ar bhonn seachtainiúil ar a laghad maidir leis an dul chun cinn a dhéantar in TLPT, agus beidh an soláthraí faisnéise bagartha fós ar fáil le haghaidh comhairliúcháin agus faisnéis bhagartha bhreise arna iarraidh sin don fhoireann rialaithe.

8. Soláthróidh an fhoireann rialaithe fóirithintí go tráthúil a dheartar ar bhonn phlean tástála na foirne deirge. Féadfar fóirithintí breise a chur leis nó a oiriúnú ar fhormheas a fháil ón bhfoireann rialaithe agus ó na bainisteoirí tástála.

9. I gcás ina mbraithfidh aon bhall foirne den eintiteas airgeadais nó dá sholáthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí nó soláthraí seirbhíse TFC inghrúpa na gníomhaíochtaí tástála, i gcás inarb ábhartha, déanfaidh an fhoireann rialaithe, i gcomhairle leis na tástálaithe agus gan dochar do mhír 10, bearta a mholadh agus a chur faoi bhráid na mbainisteoirí tástála lena mbailíochtú, ar bearta iad lena gceadófar leanúint de TLPT agus rúndacht TLPT á háirithiú an tráth céanna.

10. In imthosca eisceachtúla lena spreagtar rioscaí tionchair ar shonraí, damáiste do shócmhainní, agus cur isteach ar fheidhmeanna, seirbhísí nó oibríochtaí criticiúla nó tábhachtacha an eintitis airgeadais féin, a sholáthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí nó a sholáthraithe seirbhísí TFC inghrúpa, nó cur isteach ar a chontrapháirtithe nó ar an earnáil airgeadais, féadfaidh an fhoireann rialaithe TLPT a chur ar fionraí, nó, mar rogha dheireanach, i gcás nach féidir leanúint le TLPT ar shlí eile agus faoi réir réamhbhailíochtú ag údarás TLPT, leanúint de TLPT trí úsáid a bhaint as cleachtadh teoranta foirne corcra. Déanfar fad chleachtadh mhodh na foirne corcra a chomhaireamh chun críoch fhad íosta 12 sheachtain de chéim thástála na foirne deirge gníomhaí dá dtagraítear i mír 5.

*Airteagal 12*

**Céim an chlabhsúir**

1. Tar éis dheireadh chéim thástála na foirne deirge gníomhaí, cuirfidh ceannasaí na foirne rialaithe in iúl don fhoireann ghorm gur tharla TLPT.

2. Laistigh de 4 seachtaine ó dheireadh chéim thástála na foirne deirge gníomhaí, cuirfidh na tástálaithe tuarascáil tástála na foirne deirge faoi bhráid na foirne rialaithe ina mbeidh an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn V.

3. Soláthróidh an fhoireann rialaithe tuarascáil tástála na foirne deirge don fhoireann ghorm agus do na bainisteoirí tástála gan moill mhíchuí.

Arna iarraidh sin do na bainisteoirí tástála, ní bheidh faisnéis íogair sa tuarascáil dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

4. Tar éis tuarascáil tástála na foirne deirge a fháil, agus tráth nach déanaí ná 10 seachtaine tar éis dheireadh chéim thástála na foirne deirge gníomhaí, cuirfidh an fhoireann ghorm tuarascáil tástála na foirne deirge faoi bhráid na foirne rialaithe ina mbeidh an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn VI. Cuirfidh an fhoireann rialaithe tuarascáil tástála na foirne goirme ar fáil do na tástálaithe agus do na bainisteoirí tástála gan moill mhíchuí.

Arna iarraidh sin do na bainisteoirí tástála, ní bheidh faisnéis íogair sa tuarascáil dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

5. Tráth nach déanaí ná 10 seachtaine tar éis dheireadh chéim thástála na foirne deirge gníomhaí, déanfaidh an fhoireann ghorm agus na tástálaithe na gníomhartha ionsaitheacha agus cosanta arís, gníomhartha a rinneadh le linn TLPT. Déanfaidh an fhoireann rialaithe cleachtadh mhodh na foirne corcra freisin ar thopaicí arna sainaithint go comhpháirteach ag an bhfoireann ghorm agus ag na tástálaithe, bunaithe ar leochaileachtaí a sainaithníodh le linn na tástála agus, i gcás inarb ábhartha, ar shaincheisteanna nach rabhthas in ann a thástáil le linn chéim thástála na foirne deirge gníomhaí.

6. Tar éis na cleachtaí aithrise agus mhodh na foirne corcra a chur i gcrích, soláthróidh an fhoireann rialaithe, an fhoireann ghorm, na tástálaithe, agus soláthraithe faisnéise bagartha aiseolas dá chéile maidir leis an bpróiseas TLPT. Féadfaidh na bainisteoirí tástála aiseolas a sholáthar.

7. A luaithe a thabharfaidh údarás TLPT fógra do cheannasaí na foirne rialaithe go bhfuil measúnú déanta aige go bhfuil an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinní V agus VI sa tuarascáil ar thástáil na foirne goirme agus sa tuarascáil ar thástáil na foirne deirge, cuirfidh an t-eintiteas airgeadais, laistigh de 8 seachtaine, an tuarascáil ina ndéantar achoimre ar thorthaí ábhartha TLPT faoi bhráid údarás TLPT, dá dtagraítear in Airteagal 26(6) de Rialachán (AE) 2022/2554, ina bhfuil na heilimintí a leagtar amach in Iarscríbhinn VII lena formheas.

Arna iarraidh sin d'údarás TLPT, ní bheidh faisnéis íogair sa tuarascáil dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

*Airteagal 13*

**Plean feabhsúcháin**

1. Laistigh de 8 seachtaine ón bhfógra dá dtagraítear in Airteagal 12(7) den Rialachán seo, soláthróidh an t-eintiteas airgeadais na pleananna feabhsúcháin agus an doiciméadacht dá dtagraítear in Airteagal 26(6) de Rialachán (AE) 2022/2554 d'údarás TLPT agus, i gcás nach ionann iad, d'údarás inniúil an eintitis airgeadais.

2. Áireofar sa phlean feabhsúcháin dá dtagraítear i mír 1, i gcás gach toraidh a tharlaíonn faoi chuimsiú TLPT, an méid seo a leanas:

(a) tuairisc ar na heasnaimh a sainaithníodh;

(b) tuairisc ar na bearta feabhsúcháin atá beartaithe agus ar an tosaíocht a thugtar dóibh agus ar an gcur i gcrích a mheastar a dhéanfar orthu, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, bearta chun feabhas a chur ar na cumais maidir le sainaithint, cosaint, brath agus freagairt;

(c) anailís ar an mbunchúis;

(d) foireann nó feidhmeanna an eintitis airgeadais atá freagrach as cur chun feidhme na mbeart feabhsúcháin nó na bhfeabhsuithe atá beartaithe;

(e) na rioscaí a bhaineann le gan na bearta dá dtagraítear i bpointe (b) a chur chun feidhme agus, i gcás inarb ábhartha, na rioscaí a bhaineann le cur chun feidhme na mbeart sin.

*Airteagal 14*

**Fianú**

1. Beidh an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII san fhianú dá dtagraítear in Airteagal 26(7) de Rialachán (AE) 2022/2554.

2. I gcás ina raibh baint ag roinnt údarás TLPT le TLPT, soláthróidh an príomhúdarás TLPT an fianú dá dtagraítear in Airteagal 26(7) de Rialachán (AE) 2022/2554 do na heintitis airgeadais a tástáladh.

*Airteagal 15*

**Tástálaithe inmheánacha a úsáid**

1. Bunóidh eintitis airgeadais na socruithe uile seo a leanas maidir le húsáid tástálaithe inmheánacha:

(a) beartas a bhunú agus a chur chun feidhme chun tástálaithe inmheánacha in TLPT a bhainistiú;

(b) bearta chun a áirithiú nach mbeidh tionchar diúltach ag úsáid tástálaithe inmheánacha chun TLPT a dhéanamh ar chumais chosanta nó athléimneachta ghinearálta an eintitis airgeadais maidir le teagmhais a bhaineann le TFC ná nach mbeidh tionchar mór aige ar infhaighteacht acmhainní atá tiomnaithe do chúraimí a bhaineann le TFC le linn TLPT;

(c) bearta chun a áirithiú go mbeidh acmhainní agus cumais leordhóthanacha ag tástálaithe inmheánacha chun TLPT a dhéanamh.

Maidir leis an mbeartas dá dtagraítear i bpointe (a):

(a) beidh critéir ann chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht, inniúlacht agus coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ag na tástálaithe inmheánacha agus freagrachtaí bainistíochta a shonrú sa phróiseas tástála;

(b) déanfar é a dhoiciméadú agus a athbhreithniú go tréimhsiúil;

(c) déanfar foráil go mbeidh ceannasaí tástála, agus beirt bhall breise ar a laghad, san fhoireann tástála inmheánach;

(d) ceanglófar go mbeadh gach ball den fhoireann tástála fostaithe ag an eintiteas airgeadais nó ag soláthraí seirbhíse TFC inghrúpa le 12 mhí anuas;

(e) áireofar forálacha maidir le hoiliúint i ndáil le conas tástáil treáite agus tástáil mhodh foirne deirge a dhéanamh ar na tástálaithe inmheánacha.

2. I gcás ina bhformheasfaidh údarás TLPT úsáid tástálaithe inmheánacha i gcomhréir le hAirteagal 27(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2022/2554, breithneoidh údarás TLPT na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 7(1) den Rialachán seo.

3. Agus tástálaithe inmheánacha á n-úsáid aige, áiritheoidh an t-eintiteas airgeadais go luafar úsáid den sórt sin sna doiciméid seo a leanas:

(a) an fhaisnéis tionscnaimh tástála dá dtagraítear in Airteagal 9;

(b) tuarascáil tástála na foirne deirge dá dtagraítear in Airteagal 12(2);

(c) an tuarascáil ina ndéantar achoimre ar thorthaí ábhartha TLPT dá dtagraítear in Airteagal 26(6) de Rialachán (AE) 2022/2554.

4. Measfar tástálaithe atá fostaithe ag soláthraí seirbhíse TFC inghrúpa a bheith ina dtástálaithe inmheánacha de chuid an eintitis airgeadais.

*Airteagal 16*

**Comhar agus aitheantas frithpháirteach**

1. Chun críoch TLPT a dhéanamh i ndáil le heintiteas airgeadais a sholáthraíonn seirbhísí i níos mó ná Ballstát amháin, lena n-áirítear trí bhrainse, déanfaidh a údarás TLPT an méid seo a leanas:

(a) a chinneadh cé na húdaráis TLPT sna Ballstáit óstacha a bheidh rannpháirteach, agus cé acu a oibrítear nó nach n-oibrítear feidhm chriticiúil nó thábhachtach amháin nó níos mó i mBallstáit óstacha nó a roinntear nó nach roinntear iad ar fud na mBallstát óstach a chur san áireamh;

(b) údaráis TLPT arna sainaithint i gcomhréir le pointe (a) a chur ar an eolas faoin gcinneadh tástáil TLPT a dhéanamh ar an eintiteas airgeadais;

(c) mura gcomhaontóidh údaráis TLPT a mhalairt, is é údarás TLPT an eintitis airgeadais a bheidh i gceannas ar TLPT.

Féadfaidh údaráis TLPT na mBallstát óstach, laistigh de 20 lá oibre ón bhfaisnéis a fháil maidir le hiompar TLPT amach anseo, a spéis a léiriú maidir le TLPT a leanúint mar bhreathnóirí nó bainisteoir tástála a shannadh chun páirt a ghlacadh in TLPT. Soláthróidh an príomhúdarás TLPT doiciméad na sonraíochta raoin feidhme, an tuarascáil achomair tástála, an plean feabhsúcháin agus an fianú do gach údarás TLPT a ghníomhaíonn mar bhreathnóirí in TLPT.

Comhordóidh an príomhúdarás TLPT gach údarás TLPT rannpháirteach le linn na tástála agus glacfaidh sé na cinntí uile is gá chun TLPT a dhéanamh go hiomchuí agus go héifeachtach. Féadfaidh an príomhúdarás TLPT líon uasta údarás rannpháirteach TLPT a shocrú, i gcás ina bhféadfaí iompar éifeachtúil TLPT a chur i mbaol murach sin.

2. I gcás ina n-úsáideann eintiteas airgeadais an soláthraí seirbhíse TFC inghrúpa céanna le heintitis airgeadais atá bunaithe i mBallstáit eile, nó i gcás ina mbaineann sé le grúpa agus ina roinneann sé córais TFC le heintitis airgeadais den ghrúpa céanna atá bunaithe i mBallstáit eile, rachaidh údarás TLPT an eintitis airgeadais i dteagmháil le húdaráis TLPT na n-eintiteas airgeadais eile a úsáideann an soláthraí seirbhíse TFC inghrúpa céanna nó a chomhroinneann córais TFC mar chuid den ghrúpa agus déanfaidh sé measúnú leo ar a indéanta agus a oiriúnaí atá sé TLPT comhpháirteach a dhéanamh ina leith. Measfar go bhfuil TLPT comhpháirteach níos fearr ná TLPT aonair i gcás ina bhféadfadh laghdú ar chostais agus ar acmhainní do na heintitis airgeadais agus d'údaráis TLPT a bheith mar thoradh air, ar choinníoll nach ndéanfar dochar d'fhóntacht ná d'éifeachtúlacht na tástála.

3. Chun críoch TLPT comhpháirteach a dhéanamh:

(a) tiocfaidh údaráis TLPT na n-eintiteas airgeadais ar chomhaontú maidir leis an eintiteas airgeadais a ainmneofar chun TLPT a dhéanamh, agus struchtúr an ghrúpa agus éifeachtúlacht na tástála á gcur san áireamh;

(b) is é údarás TLPT an eintitis airgeadais a ainmnítear i gcomhréir le pointe (a) a bheidh i gceannas ar TLPT, mura gcomhaontóidh údaráis TLPT na n-eintiteas airgeadais atá rannpháirteach sa TLPT comhpháirteach a mhalairt;

(c) féadfaidh údaráis TLPT na n-eintiteas airgeadais seachas an t-eintiteas airgeadais ainmnithe chun bheith i gceannas ar TLPT comhpháirteach a spéis a léiriú maidir le TLPT a leanúint mar bhreathnóirí nó bainisteoir tástála a shannadh don TLPT sin.

Comhordóidh an príomhúdarás TLPT gach údarás TLPT a bhfuil baint aige le TLPT comhpháirteach agus glacfaidh sé na cinntí uile is gá chun TLPT comhpháirteach a dhéanamh ar bhealach fónta agus éifeachtach.

4. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag eintiteas airgeadais TLPT comhthiomsaithe dá dtagraítear in Airteagal 26(4) de Rialachán (AE) 2022/2554 a dhéanamh a bhféadfadh baint a bheith ag eintitis airgeadais atá bunaithe i mBallstáit eile leis, rachaidh a údarás TLPT i dteagmháil le húdaráis TLPT na n-eintiteas airgeadais eile agus déanfaidh sé measúnú leo ar a indéanta agus a oiriúnaí atá sé TLPT comhthiomsaithe a dhéanamh ina leith sin i gcomhréir le hAirteagal 26(4) de Rialachán (AE) 2022/2554.

5. Chun críoch TLPT comhthiomsaithe dá dtagraítear in Airteagal 26(4) de Rialachán (AE) 2022/2554 a dhéanamh:

(a) tiocfaidh údaráis TLPT na n-eintiteas airgeadais ar chomhaontú maidir le cén t-eintiteas airgeadais a ainmneofar chun an TLPT comhthiomsaithe a stiúradh, agus na seirbhísí TFC a sholáthraíonn an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí do na heintitis airgeadais agus éifeachtúlacht na tástála á gcur san áireamh;

(b) is é údarás TLPT an eintitis airgeadais a ainmnítear i gcomhréir le pointe (a) a bheidh i gceannas ar TLPT, mura gcomhaontóidh údaráis TLPT na n-eintiteas airgeadais atá rannpháirteach sa TLPT comhpháirteach a mhalairt;

(c) féadfaidh údaráis TLPT na n-eintiteas airgeadais seachas an t-eintiteas airgeadais ainmnithe a bheidh i gceannas ar TLPT comhthiomsaithe a spéis a léiriú maidir le TLPT a leanúint mar bhreathnóirí nó bainisteoir tástála a shannadh don TLPT sin.

Comhordóidh an príomhúdarás TLPT gach údarás TLPT a bhfuil baint aige le TLPT comhthiomsaithe agus glacfaidh sé na cinntí uile is gá chun TLPT comhthiomsaithe a dhéanamh ar bhealach fónta agus éifeachtach.

6. I gcás, i ndáil le heintiteas airgeadais a gceanglaítear air TLPT a dhéanamh, nach ionann a údarás TLPT agus a údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 46 de Rialachán (AE) 2022/2554, roinnfidh na húdaráis sin aon fhaisnéis ábhartha i leith gach ábhair a bhaineann le TLPT chun críoch TLPT a dhéanamh nó chun a ndualgais a dhéanamh i gcomhréir leis an Rialachán sin.

*Airteagal 17*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Feabhra 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

**Inneachar chairt an tionscadail (Airteagal 9(2)(a))**

| Mír faisnéise | Faisnéis ag teastáil |
|---|---|
| An duine atá freagrach as an bplean tionscadail, i.e. Ceannasaí na Foirne Rialaithe | Ainm<br>Sonraí teagmhála |
| Tástálaithe | ☐ inmheánacha<br>☐ seachtracha<br>☐ an dá cheann araon |
| Bealaí cumarsáide arna roghnú i gcomhréir le hAirteagal 9(2), pointe (d), agus Airteagal 9(4), pointe (a), lena n-áirítear:<br>(a) criptiú ríomhphoist atá le húsáid<br>(b) seomraí sonraí ar líne atá le húsáid<br>(c) teachtaireachtaí meandracha atá le húsáid | |
| Códainm do TLPT | |
| Feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha, más ann dóibh, a oibríonn an t-eintiteas airgeadais i mBallstáit eile | 1. liosta d'fheidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha a oibrítear i mBallstát eile<br>2. i gcás gach feidhme criticiúla nó tábhachtaí, léiriú ar an mBallstát nó ar na Ballstáit ina n-oibrítear iad |
| Feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha, más ann dóibh, a dtacaíonn soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí leo | 3. liosta d'fheidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha a dtacaíonn soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí leo<br>4. i gcás gach feidhme, sainaithint an tsoláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí |
| *Spriocdhátaí a bhfuil coinne leo chun na nithe seo a leanas a chur i gcrích:* | |
| (1) Céim an Ullmhúcháin, i gcomhréir le hAirteagal 9 | bbbb-mm-ll |
| (2) Céim na Tástála, i gcomhréir le hAirteagail 10 agus 11 | bbbb-mm-ll |
| (3) Céim an Chlabhsúir, i gcomhréir le hAirteagal 11 | bbbb-mm-ll |
| (4) Plean feabhsúcháin i gcomhréir le hAirteagal 12 | bbbb-mm-ll |

*IARSCRÍBHINN II*

**Ábhar dhoiciméad na sonraíochta raoin feidhme (Airteagal 9(6))**

1. I ndoiciméad na sonraíochta raoin feidhme, beidh liosta de na feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha uile arna sainaithint ag an eintiteas airgeadais.

2. I gcás gach feidhme criticiúla nó tábhachtaí a shainaithnítear, áireofar an fhaisnéis seo a leanas:
   (a) i gcás nach n-áirítear an fheidhm chriticiúil nó thábhachtach i raon feidhme TLPT, an míniú ar na cúiseanna nach n-áirítear í;
   (b) i gcás ina n-áirítear an fheidhm chriticiúil nó thábhachtach i raon feidhme TLPT:
      (i) an míniú ar na cúiseanna lena cuimsiú;
      (ii) na córais TFC shainaitheanta lena dtacaítear leis an bhfeidhm chriticiúil nó thábhachtach sin;
      (iii) maidir le gach córas TFC sainaitheanta:
         1. cé acu a dhéantar nó nach ndéantar é a sheachfhoinsiú agus, más amhlaidh go ndéantar, ainm an tsoláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí;
         2. na dlínsí ina n-úsáidtear an córas TFC;
         3. tuairisc ardleibhéil ar an réamhbhratach/na réamhbhratacha, lena léirítear an ghné shlándála den rúndacht, den tsláine, den bharántúlacht nó den infhaighteacht a chumhdaítear le gach bratach.

*IARSCRÍBHINN III*

**Ábhar na tuarascála faisnéise bagartha spriocdhírithe (Airteagal 10(5))**

Beidh faisnéis faoin méid uile seo a leanas sa tuarascáil faisnéise bagartha spriocdhírithe:

1. Raon feidhme foriomlán an taighde faisnéise lena n-áirítear an méid seo a leanas ar a laghad:
   (a) feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha sa raon feidhme;
   (b) a suíomh geografach;
   (c) teanga oifigiúil de chuid an Aontais atá in úsáid;
   (d) soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí ábhartha;
   (e) an tréimhse ama ar lena linn a bailíodh an taighde.
2. An measúnú foriomlán ar an bhfaisnéis nithiúil inghníomhaithe is féidir a fháil faoin eintiteas airgeadais, lena n-áirítear:
   (a) ainmneacha úsáideora agus pasfhocail an fhostaí;
   (b) na fearainn bunaithe ar an gcosúlacht ar féidir a cheapadh trí bhotún gur fearainn oifigiúla de chuid an eintitis airgeadais iad;
   (c) taiscéalaíocht theicniúil: bogearraí, córais agus teicneolaíochtaí leochaileacha nó indúshaothraithe;
   (d) faisnéis arna postáil ag fostaithe ar an idirlíon, a bhaineann leis an eintiteas airgeadais, a d'fhéadfaí a úsáid chun críoch ionsaithe;
   (e) faisnéis atá le díol ar an ngréasán dorcha;
   (f) aon fhaisnéis ábhartha eile atá ar fáil ar an idirlíon nó ar líonraí poiblí;
   (g) i gcás inarb ábhartha, faisnéis maidir le spriocdhíriú fisiceach, lena n-áirítear bealaí rochtana ar áitreabh an eintitis airgeadais.
3. Anailís faisnéise bagartha i bhfianaise thimpeallacht ghinearálta na bagartha agus staid ar leith an eintitis airgeadais, lena n-áirítear an méid seo a leanas, ar a laghad:
   (a) an timpeallacht gheopholaitiúil;
   (b) an staid eacnamaíoch;
   (c) treochtaí teicneolaíochta agus aon treocht eile a bhaineann le gníomhaíochtaí in earnáil na seirbhísí airgeadais.
4. Próifílí bagartha na ngníomhaithe mailíseacha (duine aonair/grúpa sonrach nó aicme chineálach shonrach) a d'fhéadfadh spriocdhíriú ar an eintiteas airgeadais, lena n-áirítear córais an eintitis airgeadais ar dóichí do ghníomhaithe mailíseacha iad a chur i mbaol nó spriocdhíriú orthu, an spreagadh, an rún agus an réasúnaíocht a d'fhéadfadh a bheith leis an spriocdhíriú féideartha agus *modus operandi* féideartha na n-ionsaitheoirí.
5. Cásanna bagartha: trí chás bagartha ó cheann go ceann ar a laghad le haghaidh na bpróifílí bagartha a shainaithnítear i gcomhréir le pointe 4 a léiríonn na scóir déine bagartha is airde. Tabharfar tuairisc sna cásanna bagartha ar an gconair ionsaithe ó cheann go ceann agus áireofar iontu an méid seo a leanas, ar a laghad:
   (a) cás amháin lena n-áirítear infhaighteacht seirbhíse i mbaol ach gan bheith teoranta di;
   (b) cás amháin lena n-áirítear sláine sonraí atá i mbaol ach gan bheith teoranta di;
   (c) cás amháin lena n-áirítear rúndacht faisnéise atá i mbaol ach gan bheith teoranta di.
6. I gcás inarb ábhartha, tuairisc ar an gcás nach bhfuil bunaithe ar bhagairtí dá dtagraítear in Airteagal 10(4).

*IARSCRÍBHINN IV*

**Ábhar phlean tástála na foirne deirge (Airteagal 11(1))**

Beidh faisnéis maidir leis na nithe uile seo a leanas i bplean tástála na foirne deirge:

(a) bealaí agus nósanna imeachta cumarsáide;

(b) na teaicticí, na teicnící agus na nósanna imeachta a cheadaítear agus nach gceadaítear lena n-úsáid san ionsaí, lena n-áirítear teorainneacha eiticiúla don innealtóireacht shóisialta;

(c) na bearta bainistíochta riosca a bheidh le leanúint ag na tástálaithe;

(d) tuairisc ar gach cás, lena n-áirítear:

  (i) an gníomhaí bagartha ionsamhlaithe;

  (ii) a rún, a spreagadh agus a spriocanna;

  (iii) an spriocfheidhm/na spriocfheidhmeanna agus an córas nó na córais TFC tacaíochta;

  (iv) na gnéithe spriocdhírithe maidir le rúndacht, sláine, infhaighteacht agus barántúlacht;

  (v) bratacha;

(e) tuairisc mhionsonraithe ar gach conair ionsaithe a bhfuil coinne léi, lena n-áirítear réamhriachtanais agus fóirithintí féideartha a bheidh le soláthar ag an bhfoireann rialaithe, lena n-áirítear spriocdhátaí chun iad a sholáthar agus chun iad a úsáid;

(f) gníomhaíochtaí mhodh na foirne deirge a sceidealú, lena n-áirítear pleanáil ama chun gach cás a fhorghníomhú, scoilte ar a laghad de réir na dtrí chéim a ghlacann tástálaí le linn na céime tástála, ag dul isteach i gcórais TFC na n-eintiteas airgeadais, ag bogadh trí na córais TFC agus ar deireadh gníomhaíochtaí maidir le cuspóirí a fhorghníomhú agus faoi dheireadh é féin a asbhaint as na córais TFC (céimeanna isteach, trí chéimeanna agus céimeanna amach);

(g) sainiúlachtaí bhonneagar na n-eintiteas airgeadais a bheidh le breithniú le linn na tástála;

(h) más ann dóibh, faisnéis bhreise nó acmhainní eile is gá do na tástálaithe chun na cásanna a chur i gcrích.

*IARSCRÍBHINN V*

**Inneachar thuarascáil tástála na foirne deirge (Airteagal 12(2))**

Beidh faisnéis i dtuarascáil tástála na foirne deirge maidir leis na nithe uile seo a leanas ar a laghad:

(a) faisnéis maidir leis an ionsaí a rinneadh, lena n-áirítear:

(i) na feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha spriocdhírithe agus na córais, próisis agus teicneolaíochtaí TFC sainaitheanta a thacaíonn leis an bhfeidhm chriticiúil nó thábhachtach, mar a shainaithnítear i bplean tástála na foirne deirge;

(ii) achoimre ar gach cás;

(iii) na bratacha a sroicheadh agus nár sroicheadh;

(iv) conairí ionsaithe a leanadh go rathúil agus nár éirigh leo;

(v) na teaicticí, na teicnící agus na nósanna imeachta a úsáideadh go rathúil agus nár éirigh leo;

(vi) dialltaí ó phlean tástála na foirne deirge, más ann dóibh;

(vii) fóirithintí a deonaíodh, más ann dóibh;

(b) gach gníomhaíocht a bhfuil na tástálaithe ar an eolas fúithi a rinne an fhoireann ghorm chun an t-ionsaí a athchruthú agus chun a éifeachtaí a mhaolú;

(c) leochaileachtaí a aimsíodh agus torthaí eile, lena n-áirítear:

(i) tuairisc ar leochaileacht agus ar thoradh eile lena n-áirítear a gcriticiúlacht;

(ii) anailís ar an mbunchúis maidir le hionsaithe rathúla;

(iii) moltaí le haghaidh feabhsúcháin lena n-áirítear léiriú ar an tosaíocht feabhsúcháin.

*IARSCRÍBHINN VI*

**Inneachar thuarascáil tástála na foirne goirme (Airteagal 12(4))**

Beidh faisnéis i dtuarascáil tástála na foirne goirme maidir leis an méid uile seo a leanas ar a laghad:

1. i gcás gach céime ionsaithe ar a dtugann na tástálaithe tuairisc i dtuarascáil tástála na foirne deirge:
   (a) liosta de na gníomhaíochtaí ionsaithe a braitheadh;
   (b) iontrálacha loga a chomhfhreagraíonn do na brathanna sin;
2. measúnú ar thorthaí agus moltaí na dtástálaithe;
3. fianaise ar an ionsaí a rinne na tástálaithe a bhailigh an fhoireann ghorm;
4. anailís ar an mbunchúis ag an bhfoireann gorm ar ionsaithe rathúla ag na tástálaithe;
5. liosta de na ceachtanna a foghlaimíodh agus an acmhainneacht le haghaidh feabhsaithe a sainaithníodh;
6. liosta na n-ábhar a dtabharfar aghaidh orthu i modh na foirne corcra.

*IARSCRÍBHINN VII*

**Mionsonraí na tuarascála ina ndéantar achoimre ar thorthaí ábhartha TLPT dá dtagraítear in Airteagal 26(6) de Rialachán (AE) 2022/2554**

Beidh faisnéis sa tuarascáil achomair tástála maidir leis na nithe uile seo a leanas ar a laghad:

(a) na páirtithe atá páirteach;

(b) plean an tionscadail;

(c) an raon feidhme bailíochtaithe, lena n-áirítear an réasúnaíocht atá le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha agus córais, próisis agus teicneolaíochtaí sainaitheanta TFC a thacaíonn leis na feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha a chumhdaítear le TLPT a chuimsiú nó a eisiamh;

(d) cásanna roghnaithe agus aon diall mór ón tuarascáil faisnéise bagartha spriocdhírithe;

(e) cosáin ionsaithe forghníomhaithe, agus teaicticí, teicnící agus nósanna imeachta a úsáideadh;

(f) bratacha gafa agus neamhghafa;

(g) dialltaí ó phlean tástála na foirne deirge, más ann dóibh;

(h) brathanna na foirne goirme, más ann dóibh;

(i) modh na foirne corcra i gcéim na tástála, i gcás ina ndéantar é agus na dálaí gaolmhara;

(j) fóirithintí a úsáidtear, más ann dóibh;

(k) bearta bainistíochta riosca a rinneadh;

(l) leochaileachtaí sainaitheanta agus torthaí eile, lena n-áirítear a gcriticiúlacht;

(m) anailís ar an mbunchúis maidir le hionsaithe rathúla;

(n) plean ardleibhéil le haghaidh feabhsúcháin, lena nasctar na leochaileachtaí agus torthaí eile, na bunchúiseanna atá leo agus an tosaíocht feabhsúcháin;

(o) ceachtanna a foghlaimíodh ón aiseolas a fuarthas.

*IARSCRÍBHINN VIII*

**Mionsonraí fhianú TLPT dá dtagraítear in Airteagal 26(7) de Rialachán (AE) 2022/2554**

Beidh an fhaisnéis uile seo a leanas ar a laghad san fhianú:

(a) maidir le TLPT a rinneadh:

(i) dátaí tosaigh agus deiridh TLPT;

(ii) na feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha faoi raon feidhme na tástála;

(iii) i gcás inarb ábhartha, faisnéis maidir le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha faoi raon feidhme na tástála nach ndearnadh TLPT i ndáil leo;

(iv) i gcás inarb ábhartha, eintitis airgeadais eile a raibh baint acu le TLPT;

(v) i gcás inarb ábhartha, na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí a ghlac páirt in TLPT;

(vi) i leith tástálaithe:

1. cé acu a úsáideadh nó nár úsáideadh tástálaithe inmheánacha;

2. cé acu a d'úsáid nó nár úsáid an t-eintiteas airgeadais Airteagal 5(3), an dara fomhír;

(vii) fad chéim tástála ghníomhach na foirne deirge, i laethanta féilire;

(b) i gcás ina raibh roinnt údarás TLPT rannpháirteach in TLPT, údaráis eile TLPT, agus an cháil ina raibh siad rannpháirteach;

(c) liosta na ndoiciméad ar a ndearna údarás TLPT scrúdú chun críocha an fhianaithe.